Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Rialú Buiséadach

2025/0543(COD)

31.3.2026

TUAIRIM

ón gCoiste um Rialú Buiséadach

chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Fís Eorpach, an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, le haghaidh na tréimhse 2028-2034 lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/695
(COM(2025)0543 – C10-0164/2025 – 2025/0543(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Olivier Chastel

PA_Legam

LEASUITHE

Cuireann an Coiste um Rialú Buiséadach in iúl don Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas:

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2 a) Ní féidir breisluach AE a bhaint amach go héifeachtach ach amháin má shainítear go soiléir é agus má chuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach é ar fud institiúidí uile an Aontais[1a]. Sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair, ba cheart go n-áireofaí ar bhreisluach AE ceannaireacht theicneolaíoch, athléimneacht agus uathriail straitéiseach an Aontais a neartú, agus béim láidir á leagan ar theicneolaíochtaí dé-úsáide, i gcomhréir iomlán le dlí an Aontais.

1a ***https://www.eca.europa.eu/ECAPublications/OP-2026-02/OP-2026-02_GA.pdf.***

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Thairis sin, ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Aontas neamhionannais idir fir agus mná a dhíchur agus comhionannas	(4) Thairis sin, ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Aontas neamhionannais a laghdú, agus comhionannas inscne a chur

eatarthu a chur chun cinn, chomh maith le hidirdhealú a chomhrac i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 10 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

chun cinn, chomh maith le hidirdhealú a chomhrac i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 10 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) I dtimpeallacht eacnamaíoch, shóisialta agus gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa, is léir ón taithí a fuarthas le déanaí go bhfuil gá le creat airgeadais ilbhliantúil atá níos solúbtha agus lena chláir chaiteachais ón Aontas. Chuige sin, agus i gcomhréir le cuspóirí an Chláir, ba cheart breithniú cuí a dhéanamh leis an gcistiú ar na riachtanais bheartais atá ag teacht chun cinn agus ar thosaíochtaí an Aontais mar a shainaithnítear i ndoiciméid ábhartha a fhoilsíonn an Coimisiún, i rúin ó Pharlaimint na hEorpa agus i gconclúidí ón gComhairle, agus intuarthacht leordhóthanach á háirithiú le haghaidh chur chun feidhme an bhuiséid an tráth céanna.	(5) I dtimpeallacht eacnamaíoch, shóisialta agus gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa, is léir ón taithí a fuarthas le déanaí go bhfuil gá le creat airgeadais ilbhliantúil agus le cláir chaiteachais de chuid an Aontais atá níos solúbtha. Chuige sin, agus i gcomhréir le cuspóirí an Chláir, ba cheart breithniú cuí a dhéanamh leis an gcistiú ar na riachtanais bheartais atá ag teacht chun cinn agus ar thosaíochtaí an Aontais mar a shainaithnítear i ndoiciméid ábhartha a fhoilsíonn an Coimisiún, i rúin ó Pharlaimint na hEorpa agus i gconclúidí ón gComhairle, agus intuarthacht leordhóthanach le haghaidh chur chun feidhme an bhuiséid, cuntasacht phoiblí, inbhuanaitheacht fhioscach agus luach ar airgead cáiníocóirí sna Ballstáit á n-áirithiú. ***Ós rud é, de réir Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, go bhféadfadh iasachtaí gan íoc a fuair an tAontas ar iasacht a bheith os cionn EUR 900 billiún faoi 2027 agus go laghdaítear an spás fioscach atá ar fáil do chaiteachas an chláir leis na costais seirbhísithe fiachais atá ag dul i méid, tá sé tábhachtach a áirithiú go mbeidh tairbhí inláimhsithe agus fóinteacha ag baint leis an gclár.***

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Dearadh na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh an Chláir chun rochtain a shimpliú, oscailteacht a fheabhsú, agus tionchar an chistithe ón Aontas a uasmhéadú a thuilleadh.	(6) Dearadh na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh an Chláir chun rochtain a shimpliú, oscailteacht a fheabhsú, agus tionchar an chistithe ón Aontas a uasmhéadú a thuilleadh. ***Is é is aidhm do leithdháileadh an chistithe ón gclár Fís Eorpach trí ghlaonna ar thograí, i gcomhréir le prionsabal an bhairr feabhais, ná an rochtain is cothroime is féidir ar chistiú a áirithiú, an toradh is éifeachtúla agus is éifeachtaí ó thaobh cistiúcháin de a bhaint amach, agus tairbhe a dhéanamh do shochaí na hEorpa agus a geilleagar a neartú, agus ceanglais trédhearcachta á n-urramú.***

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6 a) Ba cheart rochtain fhoriomlán a shimpliú agus a éascú, agus ualaí maorlathacha agus líon na rialacha a laghdú trí cheanglais tuairiscithe, doiciméadachta agus fianaise a chuíchóiriú agus trí líon na dtáscairí feidhmíochta a laghdú, i gcomhréir le prionsabail na comhréireachta, an riachtanais agus an fhóntais.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6 b) Ba cheart oibleagáidí tuairiscithe, go háirithe i gcás FBManna agus fiontair mheánchaipitlithe bheaga, a shimpliú agus a theorannú don mhéid a bhfuil fíorghá leis le haghaidh bainistíocht fhónta airgeadais agus faireachán ar fheidhmíocht.

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7 a) Trí iomaíochas agus athléimneacht fhadtéarmach an Aontais a neartú, ba cheart tús áite a thabhairt don bharr feabhais in T&N mar aon le gníomhaíochtaí comhlántacha maidir le comhtháthú críochach chun nuálaíocht a ghiniúint, a ghlacadh agus a chur in úsáid ar fud an Aontais. Chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú, ní mór leithdháileadh soiléir cistithe, córais faireacháin idir-inoibritheacha agus sreabha airgeadais inrianaithe a bheith ag gabháil le comhordú níos fearr idir Fís Eorpach agus an Beartas Comhtháthaithe chun forluí, cistiú dúbailte agus ilroinnt acmhainní an Aontais a sheachaint.

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Ba cheart é a bheith indéanta codanna den bhuiséad a chur chun feidhme trí Chomhpháirtíochtaí Eorpacha i dteannta eintitis phoiblí agus phríobháideacha eile, i gcás ina bhfuil an fhoirm sin ar an bhfoirm chur chun feidhme is éifeachtaí chun na cuspóirí beartais a bhaint amach. Ba cheart Comhpháirtíochtaí Eorpacha a bhunú i gcás ina gceanglaítear rannpháirteachas dlúth ón Aontas agus ba cheart cearta vótála iomchuí le haghaidh an Aontais a áirithiú leo chomh maith le comhinfheistíocht leordhóthanach ó chomhpháirtithe eile chun cistiú ón Aontas a ghiaráil. D'fhonn sineirgí agus éifeachtúlachtaí a chothú, is gá rialacha comhchuibhithe a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart punann straitéiseach agus chomhleanúnach de líon teoranta Comhpháirtíochtaí Eorpacha a bhunú.	(9) Ba cheart é a bheith indéanta codanna den bhuiséad a chur chun feidhme trí Chomhpháirtíochtaí Eorpacha i dteannta eintitis phoiblí agus phríobháideacha eile, lena n-áirítear tionscal, eagraíocht taighde, údaráis áitiúla agus réigiúnacha, i gcás inarb é sin an cineál cur chun feidhme is éifeachtaí chun na cuspóirí beartais a bhaint amach. Ba cheart Comhpháirtíochtaí Eorpacha a bhunú i gcás ina gceanglaítear rannpháirteachas dlúth ón Aontas agus ba cheart cearta vótála iomchuí le haghaidh an Aontais a áirithiú leo chomh maith le comhinfheistíocht leordhóthanach ó chomhpháirtithe eile chun cistiú ón Aontas a ghiaráil. D'fhonn sineirgí agus éifeachtúlachtaí a chothú, is gá rialacha comhchuibhithe a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart punann straitéiseach agus chomhleanúnach de líon teoranta Comhpháirtíochtaí Eorpacha a bhunú.

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Leis na Comhpháirtíochtaí Eorpacha, lena n-áirítear i bhfoirm Comhghnóthas, mar uirlis fhíor-riachtanach chun rannpháirtíocht thionsclaíoch agus infheistíocht i dtaighde agus nuálaíocht chomhoibríoch a bhaint amach, ba cheart rannchuidiú le cuspóirí beartais sonracha na ngnéithe beartais den Chiste Eorpach um Iomaíochas, agus ba	(10) Leis na Comhpháirtíochtaí Eorpacha, lena n-áirítear i bhfoirm Comhghnóthas, mar uirlis fhíor-riachtanach chun rannpháirtíocht thionsclaíoch agus infheistíocht i dtaighde agus nuálaíocht chomhoibríoch a bhaint amach, ba cheart rannchuidiú le cuspóirí beartais sonracha na ngnéithe beartais den Chiste Eorpach um Iomaíochas, agus ba

cheart tacú leo leis, i gcás inar gá, chun na cuspóirí sin a chur i gcrích.	cheart tacú leo leis, i gcás inar gá, chun na cuspóirí sin a chur i gcrích. ***Ba cheart dóibh, i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí, rannchuidiú le cuspóirí beartais shóisialta an Aontais a bhaint amach.***

Leasú

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) Ba cheart don Chomhairle Eorpach um Thaighde (ERC) cistiú tarraingteach agus solúbtha a sholáthar, agus é á chur ar a gcumas, ar an gcaoi sin, do thaighdeoirí aonair éirimiúla agus cruthaitheacha – agus béim á cur d'aon ghnó ar thaighdeoirí luathchéime a chothú – na bealaí is mó a bhfuil gealladh fúthu a shaothrú san eolaíocht ar thús cadhnaíochta. Maidir leis an ngealltanas sin chun taighde faoi thionchar imscrúdaitheoirí a dhéanamh, rud a roghnaítear trí iomaíocht uile-Aontais nach bhfuil bunaithe ach ar chritéir barr feabhais agus atá ar oscailt do dhaoine éirimiúla gan beann ar an náisiúntacht ná ar an tionscnamh, tá sé bunúsach chun na daoine is géarchúisí ar domhan a mhealladh agus an Eoraip a bhunú a thuilleadh mar lárionad ceannródaíoch don taighde agus don nuálaíocht.	(13) Ba cheart don Chomhairle Eorpach um Thaighde (ERC) cistiú tarraingteach agus solúbtha a sholáthar, agus é á chur ar a gcumas, ar an gcaoi sin, do thaighdeoirí aonair éirimiúla agus cruthaitheacha – agus béim á cur d'aon ghnó ar thaighdeoirí luathchéime a chothú – na bealaí is mó a bhfuil gealladh fúthu a shaothrú san eolaíocht ar thús cadhnaíochta. Maidir leis an ngealltanas sin chun taighde faoi thionchar imscrúdaitheoirí a dhéanamh, rud a roghnaítear trí iomaíocht uile-Aontais nach bhfuil bunaithe ach ar chritéir barr feabhais agus atá ar oscailt do dhaoine éirimiúla gan beann ar an náisiúntacht ná ar an tionscnamh, tá sé bunúsach chun na daoine is géarchúisí ar domhan a mhealladh agus an Eoraip a bhunú a thuilleadh mar lárionad ceannródaíoch don taighde agus don nuálaíocht. ***Ráthófar uathriail eolaíoch agus airgeadais agus neamhspleáchas ERC ó thaobh rialachais, ullmhú clár oibre agus nósanna imeachta roghnúcháin de.***

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) I ngeilleagar domhanda eolasbhunaithe, ba cheart iomaíochas fadtéarmach, ceannaireacht theicneolaíoch agus inniúlacht an Aontais chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda a bheith ag brath go háirithe ar a chumas lucht saothair taighde atá ardoilte agus nasctha go hidirnáisiúnta a fhorbairt, a mhealladh agus a choinneáil. Tá infheistíocht straitéiseach i dtaighdeoirí den scoth, ina n-oiliúint, ina soghluaisteacht agus ina n-ionchais ghairme, laistigh agus lasmuigh den saol acadúil, fíor-riachtanach chun an nuálaíocht, an athléimneacht eacnamaíoch agus folláine na sochaí a chothú. I gcomhréir le prionsabail na Cairte Eorpaí do thaighdeoirí, tá ról lárnach ag Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie (GMSC) chun an cuspóir sin a chur chun cinn. Leis an gClár ba cheart naisc idir ollscoileanna agus éiceachórais nuálaíochta, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach, a threisiú. Leis sin ba cheart cur i gcrích an Limistéir Eorpaigh Taighde a chumasú, lena n-áirítear trí acmhainneacht na hearnála ardoideachais Eorpaí a fhorbairt chun dul in iomaíocht le contrapháirtithe domhanda tríd an gcomhar, daoine éirimiúla a chothú agus a mhealladh agus níos mó infheistíochtaí príobháideacha a ghiaráil, lena n-áirítear trí thionscnaimh ardoideachais amhail Comhghuaillíochtaí d'Ollscoileanna Eorpacha, i sineirge le Erasmus+, agus i gcomhréir le cuspóirí agus gníomhaíochtaí an Rialacháin seo.	(14) I ngeilleagar domhanda eolasbhunaithe, ba cheart iomaíochas fadtéarmach, ceannaireacht theicneolaíoch agus inniúlacht an Aontais chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda trí na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach a bheith ag brath go háirithe ar a chumas lucht saothair taighde atá ardoilte agus nasctha go hidirnáisiúnta a fhorbairt, a mhealladh agus a choinneáil. Tá infheistíocht straitéiseach i dtaighdeoirí den scoth, ina n-oiliúint, ina soghluaisteacht agus ina n-ionchais ghairme, laistigh agus lasmuigh den saol acadúil, fíor-riachtanach chun an nuálaíocht, an athléimneacht eacnamaíoch agus folláine na sochaí a chothú. I gcomhréir le prionsabail na Cairte Eorpaí do thaighdeoirí, tá ról lárnach ag Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie (GMSC) chun an cuspóir sin a chur chun cinn. Leis an gClár ba cheart naisc idir ollscoileanna agus éiceachórais nuálaíochta, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach, a threisiú. Leis sin ba cheart cur i gcrích an Limistéir Eorpaigh Taighde a chumasú, lena n-áirítear trí acmhainneacht na hearnála ardoideachais Eorpaí a fhorbairt chun dul in iomaíocht le contrapháirtithe domhanda tríd an gcomhar, daoine éirimiúla a chothú agus a mhealladh agus níos mó infheistíochtaí príobháideacha a ghiaráil, lena n-áirítear trí thionscnaimh ardoideachais amhail Comhghuaillíochtaí d'Ollscoileanna Eorpacha, i sineirge le Erasmus+, agus i gcomhréir le cuspóirí agus gníomhaíochtaí an Rialacháin seo.

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Ba cheart don Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE) nuálaíocht domhainteicneolaíochta lena gcruthaítear margaí a spreagadh. Ba cheart di na nuálaíochtaí domhainteicneolaíochta sin a shainaithint, a fhorbairt agus a chur in úsáid trína cuid ionstraimí. Trí thacaíocht chomhleanúnach agus chuíchóirithe, ba cheart do CNE an folús i dtacaíocht phoiblí agus in infheistíocht phríobháideach le haghaidh teicneolaíochtaí ceannródaíocha agus nuálaíocht domhainteicneolaíochta a líonadh. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag CNE turas an nuálaí ón taighde go dtí an margadh a nascadh, a chomhtháthú agus a luathú trína ionstraimí agus é a chur ar a chumas don Aontas cuideachtaí ceannródaíocha a bheith i réimsí teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn chun a chuspóirí sóisialta agus eacnamaíocha a chomhlíonadh agus spleáchais ar réigiúin eile a sheachaint. Ba cheart do CNE tacú le nuálaíochtaí ardriosca ardacmhainneachta agus le cuideachtaí a bhfuil cibé rioscaí teicneolaíochta, eolaíochta, airgeadais, bainistíochta nó margaidh ag baint leo nach meastar iad a bheith go hiomlán iontaofa ó thaobh brabúis go fóill agus, dá bhrí sin, nach féidir leo an leibhéal infheistíochtaí is gá a ardú chun bheith iomaíoch go domhanda ón margadh. Ba cheart a ionchorprú leis sin cur chuige 'oscailte' (ón mbun aníos) agus atá á spreagadh ag 'dúshlán' araon, i gcomhar agus i sineirge dhlúth leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas agus lena ghnéithe beartais. Ba	(15) Ba cheart don Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE) nuálaíocht domhainteicneolaíochta lena gcruthaítear margaí a spreagadh. Ba cheart di na nuálaíochtaí domhainteicneolaíochta sin a shainaithint, a fhorbairt agus a chur in úsáid trína cuid ionstraimí. Trí thacaíocht chomhleanúnach agus chuíchóirithe, ba cheart do CNE an folús i dtacaíocht phoiblí agus in infheistíocht phríobháideach le haghaidh teicneolaíochtaí ceannródaíocha agus nuálaíocht domhainteicneolaíochta a líonadh. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag CNE turas an nuálaí ón taighde go dtí an margadh a nascadh, a chomhtháthú agus a luathú trína ionstraimí agus é a chur ar a chumas don Aontas cuideachtaí ceannródaíocha a bheith i réimsí teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn chun a chuspóirí sóisialta agus eacnamaíocha a chomhlíonadh agus spleáchais ar réigiúin eile a sheachaint. Ba cheart do CNE tacú le nuálaíochtaí ardriosca ardacmhainneachta agus le cuideachtaí a bhfuil cibé rioscaí teicneolaíochta, eolaíochta, airgeadais, bainistíochta nó margaidh ag baint leo nach meastar iad a bheith go hiomlán iontaofa ó thaobh brabúis go fóill agus, dá bhrí sin, nach féidir leo an leibhéal infheistíochtaí is gá a ardú chun bheith iomaíoch go domhanda ón margadh. Ba cheart a ionchorprú leis sin cur chuige 'oscailte' (ón mbun aníos) agus atá á spreagadh ag 'dúshlán' araon, i gcomhar agus i sineirge dhlúth leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas agus lena ghnéithe beartais. Ba

cheart cur chuige atá cosúil le ‘DARPA’ a áireamh leis sin, ceann atá tiomnaithe do thacú le gnólacht nuathionscanta cosanta agus dé-úsáide agus lena n-uas-scálú ag feidhmiú i gcomhlántacht iomlán le hIonstraim InvestEU CEI agus le gníomhaíochtaí Scéim Nuálaíochta Cosanta an Aontais (EUDIS) agus CASSINI (an Tionscnamh fiontraíochta spáis). Ba cheart an cur chun feidhme a dhéanamh i sineirge agus i gcomhar dlúth leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas.	cheart cur chuige atá cosúil le ‘DARPA’ a áireamh leis sin, ceann atá tiomnaithe do thacú le gnólacht nuathionscanta cosanta agus dé-úsáide agus lena n-uas-scálú ag feidhmiú i gcomhlántacht iomlán le hIonstraim InvestEU CEI agus le gníomhaíochtaí Scéim Nuálaíochta Cosanta an Aontais (EUDIS) agus CASSINI (an Tionscnamh fiontraíochta spáis). Ba cheart an cur chun feidhme a dhéanamh i sineirge agus i gcomhar dlúth leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas. ***Chun rochtain fheabhsaithe, rátaí ratha, cáilíocht agus tráthúlacht a áirithiú, agus chun tacú le teicneolaíochtaí suaiteacha i dtreo ullmhacht don mhargadh a bhaint amach trí dhul i riosca agus cur chuige punainne comhleanúnach, ba cheart uathriail oibríochtúil a bheith ag CNE maidir le dearadh agus cur chun feidhme a ionstraimí, agus maidir le roghnú tionscadal agus bainistiú punainne, i gcomhréir leis an Rialachán seo.***

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Ba cheart don Airmheán Comhpháirteach Taighde (‘JRC’) leanúint d’fhianaise eolaíoch neamhspleách agus tacaíocht theicniúil a sholáthar le haghaidh bheartais an Aontais ar feadh an timthrialla beartais iomláin. Ba cheart gníomhaíochtaí díreacha JRC a chur chun feidhme ar bhealach solúbtha, éifeachtúil agus trédhearcach, agus riachtanais bheartais an Aontais agus riachtanais ábhartha úsáideoirí JRC á gcur san áireamh agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais á	(17) Ba cheart don Airmheán Comhpháirteach Taighde (‘JRC’) leanúint d’fhianaise eolaíoch neamhspleách agus tacaíocht theicniúil a sholáthar le haghaidh bheartais an Aontais ar feadh an timthrialla beartais iomláin. Ba cheart gníomhaíochtaí díreacha JRC a chur chun feidhme ar bhealach solúbtha, éifeachtúil agus trédhearcach, agus riachtanais bheartais an Aontais agus riachtanais ábhartha úsáideoirí JRC á gcur san áireamh agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais á

háirithiú. Ba cheart do JRC leanúint d'acmhainní breise a ghiniúint, ar acmhainní iad a fhéadfaidh sé a úsáid chun tacú lena ghníomhaíochtaí eolaíocha agus teicniúla.	háirithiú. Ba cheart do JRC leanúint d'acmhainní breise a ghiniúint, ar acmhainní iad a fhéadfaidh sé a úsáid chun tacú lena ghníomhaíochtaí eolaíocha agus teicniúla. ***Maidir le gníomhaíochtaí díreacha arna gcur chun feidhme ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde, ba cheart don Choimisiún trédhearcacht iomchuí a áirithiú maidir le coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, i gcomhréir le hAirteagal 61 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus leis na rialacha eiticiúla is infheidhme. Chuige sin, ba cheart do JRC faisnéis chomhiomlánaithe a chur ar fáil go poiblí, ar bhonn bliantúil, faoi na beartais, na nósanna imeachta agus na bearta atá i bhfeidhm chun coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, a chosc agus a mhaolú, lena n-áirítear i gcomhthéacs comhar le heintitis phríobháideacha, gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le rúndacht. Ba cheart taighdeoirí, saineolaithe agus daoine eile a bhfuil baint acu le meastóireachtaí nó le gníomhaíochtaí comhairleacha a bheith faoi réir ceanglais maidir le dearbhú coinbhleachta leasa agus maolú i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme.***

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) Leis an gClár ba cheart a áirithiú go ndéanfar luachanna agus prionsabail an Limistéir Eorpaigh Taighde agus an Chomhshocraithe um Thaighde agus um Nuálaíocht[5] a chur chun cinn agus a	(18) Leis an gClár ba cheart a áirithiú go ndéanfar luachanna agus prionsabail an Limistéir Eorpaigh Taighde agus an Chomhshocraithe um Thaighde agus um Nuálaíocht[5] a chur chun cinn agus a

chosaint go héifeachtach, go háirithe eitic agus sláinte i dtaighde agus nuálaíocht, saoirse taighde eolaíoch, eolaíocht le haghaidh beartais, an comhionannas inscne agus comhionannas deiseanna, neamh-idirdhealú, eolaíocht oscailte agus cur chun cinn gairmeacha taighde tarraingteacha agus soghluaisteachta. Go sonrach, leis an gClár ba cheart cur chun cinn éifeachtach comhionannais deiseanna do chách agus cur chun feidhme príomhshruthaithe inscne a áirithiú, lena n-áirítear comhtháthú na gné inscne in ábhar T&N. Ba cheart é a bheith d'aidhm aige dul i ngleic leis na cúiseanna le héagothroime inscne. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chothromaíocht inscne a áirithiú, a mhéid is féidir, i bpainéil mheastóireachta agus i gcomhlachtaí comhairleacha ábhartha eile amhail boird agus grúpaí saineolaithe.

chosaint go héifeachtach, go háirithe eitic agus sláinte i dtaighde agus nuálaíocht, saoirse taighde eolaíoch, eolaíocht le haghaidh beartais, an comhionannas inscne agus comhionannas deiseanna, neamh-idirdhealú, eolaíocht oscailte agus cur chun cinn gairmeacha taighde tarraingteacha agus soghluaisteachta. Go sonrach, leis an gClár ba cheart cur chun cinn éifeachtach comhionannais deiseanna do chách agus cur chun feidhme príomhshruthaithe inscne a áirithiú, lena n-áirítear comhtháthú na gné inscne in ábhar T&N. Ba cheart é a bheith d'aidhm aige dul i ngleic leis na cúiseanna le héagothroime inscne. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chothromaíocht inscne a áirithiú, a mhéid is féidir, i bpainéil mheastóireachta agus i gcomhlachtaí comhairleacha ábhartha eile, agus á áirithiú go bhfuil siad comhdhéanta ar bhonn fiúntais, inniúlachta agus saineolas ábhartha. Ba cheart go n-áireofaí sa Chlár sásraí le haghaidh meastóireachtaí neamhspleácha arna ndéanamh ag comhlachtaí seachtracha chun measúnú a dhéanamh ar thionchar an chistithe ar chuspóirí taighde agus nuálaíochta. ***Ba cheart táscairí feidhmíochta soiléire, iniúchtaí airgeadais agus comhairliúcháin phoiblí a áireamh sna meastóireachtaí sin.***

[5] Moladh (AE) 2021/2122 ón gComhairle an 26 Samhain 2021 maidir leis an gComhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht san Eoraip, IO L 431, 2.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2021/2122/oj.

[5] Moladh (AE) 2021/2122 ón gComhairle an 26 Samhain 2021 maidir leis an gComhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht san Eoraip, IO L 431, 2.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2021/2122/oj.

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) Leis an gClár ba cheart tacú le bonneagair thaighde agus bonneagair theicneolaíochta Eorpacha chun barr feabhais eolaíoch agus teicneolaíoch agus iomaíochas tionsclaíoch a spreagadh, trí thacú le leanúntas an timthrialla taighde agus nuálaíochta ó thaighde bunúsach go taighde feidhmeach i dtreo cur in úsáid sa tsochaí agus sa mhargadh.	(19) Leis an gClár ba cheart tacú le bonneagair thaighde agus bonneagair theicneolaíochta Eorpacha chun barr feabhais eolaíoch agus teicneolaíoch agus iomaíochas tionsclaíoch a spreagadh, trí thacú le leanúntas an timthrialla taighde agus nuálaíochta ó thaighde bunúsach go taighde feidhmeach i dtreo cur in úsáid sa tsochaí agus sa mhargadh. ***Ba cheart don Choimisiún, i gcás inarb iomchuí, faireachán a dhéanamh ar dháileadh an chistithe thar chéimeanna éagsúla an timthrialla nuálaíochta chun leithdháileadh cothrom a áirithiú agus comhchruinniú iomarcach acmhainní i ndeighleoga teoranta a sheachaint, agus ar an gcaoi sin éifeachtúlacht fhoriomlán an chláir a fheabhsú.***

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) Leis an gClár, ba cheart bearta coincréiteacha a chur chun feidhme mar thaca le fothú acmhainneachta i dtíortha a thagann faoin bhfairsingiú agus naisc chomhoibríocha a neartú ar fud an Aontais, lena bhfeabhsaítear an cumas taighde agus nuálaíochta i dtíortha a thagann faoin bhfairsingiú agus i dtíortha trasdula, as a dtagann córas T&N Eorpach níos aontaithe agus níos comhtháite agus lena rannchuidítear leis an sprioc 3 % ar a laghad de OTI a infheistiú i dtaighde agus i	(20) Leis an gClár, ba cheart bearta coincréiteacha a chur chun feidhme mar thaca le fothú acmhainneachta i dtíortha a thagann faoin bhfairsingiú agus naisc chomhoibríocha a neartú ar fud an Aontais, lena bhfeabhsaítear an cumas taighde agus nuálaíochta i dtíortha a thagann faoin bhfairsingiú agus i dtíortha aistrithe, as a dtagann córas T&N Eorpach níos aontaithe agus níos comhtháite agus lena rannchuidítear leis an sprioc 3 % ar a laghad de OTI a infheistiú i dtaighde agus i

bhforbairt. Ba cheart na Ballstáit incháilithe ón tréimhse 2021-2027 a roinnt in dhá ghrúpa ar feadh fhad iomlán an Chláir, ar bhonn Innéacs an Scórchláir Nuálaíochta agus an toraidh airgeadais choibhneasta in aghaidh an Ollioncaim Náisiúnta (OIN), bunaithe ar na critéir seo a leanas: i) 'Tíortha aistrithe', ag a bhfuil Innéacs Scórchláir Nuálaíochta (2023-2025) os cionn 75 % de mheán an Aontais agus toradh airgeadais coibhneasta dearfach in aghaidh OIN (2021-2025) faoi Fhís Eorpach; ii) 'Tíortha a thagann faoin bhfairsingiú', gach Ballstát eile atá incháilithe faoin tréimhse 2021-2027.	bhforbairt. Ba cheart na Ballstáit incháilithe ón tréimhse 2021-2027 a roinnt in dhá ghrúpa ar feadh fhad iomlán an Chláir, ar bhonn Innéacs an Scórchláir Nuálaíochta agus an toraidh airgeadais choibhneasta in aghaidh an Ollioncaim Náisiúnta (OIN), bunaithe ar na critéir seo a leanas: i) 'Tíortha aistrithe', ag a bhfuil Innéacs Scórchláir Nuálaíochta (2023-2025) os cionn 75 % de mheán an Aontais agus toradh airgeadais coibhneasta dearfach in aghaidh OIN (2021-2025) faoi Fhís Eorpach; ii) 'Tíortha a thagann faoin bhfairsingiú', gach Ballstát eile atá incháilithe faoin tréimhse 2021-2027. ***Ba cheart go n-áireofaí ar bhearta fothaithe acmhainneachta tagarmharcanna soiléire agus táscairí feidhmíochta idirmheánacha chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtaobh rátaí rannpháirtíochta, róil chomhordúcháin, athchóirithe institiúideacha agus acmhainneacht ionsúcháin airgeadais, agus chun a áirithiú go mbeidh forbairt struchtúrach intomhaiste ag gabháil le tacaíocht ón Aontas.***

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) Agus aitheantas á thabhairt don tairbhe a eascraíonn as comhar idirnáisiúnta chun dul i ngleic, i measc nithe eile, le hábhair imní chomhroinnte theicneolaíocha, eacnamaíocha, chomhshaoil agus shochaíocha, leis an gClár ba cheart comhar le tríú tíortha a chur chun cinn. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag comhar idirnáisiúnta	(21) Agus aitheantas á thabhairt don tairbhe a eascraíonn as comhar idirnáisiúnta chun dul i ngleic, i measc nithe eile, le hábhair imní chomhroinnte theicneolaíocha, eacnamaíocha, chomhshaoil agus shochaíocha, leis an gClár ba cheart comhar le tríú tíortha a chur chun cinn. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag comhar idirnáisiúnta

iomaíochas agus barr feabhais an Aontais in T&N a neartú, lena n-áirítear a inniúlacht chun na daoine éirimiúla is fearr ar domhan a mhealladh agus a choinneáil. Ba cheart breithnithe geopholaitiúla, lena n-áirítear slándáil eacnamaíoch, a bheith i gcroílár an chur chuige agus ba cheart leibhéil éagsúla chomhair a mheas bunaithe ar mheasúnú foriomlán ar an tairbhe a d'fhéadfadh an tAontas a bhaint as chun aghaidh a thabhairt ar a thosaíochtaí agus ar a dhúshláin dhomhanda agus luachanna agus leasanna an Aontais á gcosaint an tráth céanna. Ba cheart comhlachas leis an gClár uile nó le codanna de leanúint de bheith ar an bhfoirm is cuimsithí de chomhar. Le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le cosaint CNE, níor cheart ach d'eintitis atá bunaithe i dtríú tíortha atá comhlachaithe leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas le haghaidh gníomhaíochtaí cosanta a bheith incháilithe chun cistiú a fháil. Leis an gClár féadfar tacú le gníomhaíochtaí arna maoiniú leis an gClár um an Eoraip Dhomhanda ar choinníoll go gcomhlíonfar rialacha agus cuspóirí an Rialacháin seo leo i gcomhréir leis na forálacha maidir le sineirgí.

iomaíochas agus barr feabhais an Aontais in T&N a neartú, lena n-áirítear a inniúlacht chun na daoine éirimiúla is fearr ar domhan a mhealladh agus a choinneáil. Ba cheart breithnithe geopholaitiúla, lena n-áirítear slándáil eacnamaíoch, a bheith i gcroílár an chur chuige agus ba cheart leibhéil éagsúla chomhair a mheas bunaithe ar mheasúnú foriomlán ar an tairbhe a d'fhéadfadh an tAontas a bhaint as chun aghaidh a thabhairt ar a thosaíochtaí agus ar a dhúshláin dhomhanda agus luachanna agus leasanna an Aontais á gcosaint an tráth céanna. ***Sa chomhthéacs sin, ba cheart leasanna airgeadais an Aontais a choimirciú, inter alia, trína áirithiú go mbeidh rochtain iomlán fhíor-ama ag an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach agus ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ar shonraí in-iniúchta trí chóras TF idir-inoibritheach lena mbaineann caighdeáin chomhchuibhithe sonraí. I gcás imscrúduithe coiriúla tromchúiseacha, ba cheart rochtain a thabhairt do OIPE agus do OLAF faoi chuimsiú a sainordaithe, gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta. Chun úsáid thrédhearcach acmhainní an Aontais a áirithiú, ba cheart don Choimisiún nósanna imeachta a chur i bhfeidhm lenar féidir iniúchadh a dhéanamh ar eintitis atá bunaithe i dtríú tíortha a fhaigheann cistiú ón Aontas.*** Ba cheart comhlachas leis an gClár uile nó le codanna de leanúint de bheith ar an bhfoirm is cuimsithí de chomhar. Le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le cosaint CNE, níor cheart ach d'eintitis atá bunaithe i dtríú tíortha atá comhlachaithe leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas le haghaidh gníomhaíochtaí cosanta a bheith incháilithe chun cistiú a fháil. Leis an gClár féadfar tacú le gníomhaíochtaí arna

	maoiniú leis an gClár um an Eoraip Dhomhanda ar choinníoll go gcomhlíonfar rialacha agus cuspóirí an Rialacháin seo leo i gcomhréir leis na forálacha maidir le sineirgí. ***Le haon leithdháileadh cistí le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le cosaint, ba cheart leasanna slándála náisiúnta Bhallstáit an Aontais Eorpaigh a urramú ina n-iomláine.***

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(24) Le gníomhaíochtaí ba cheart léiriú a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann le dul i ngleic le cailliúint thubaisteach na bithéagsúlachta agus rannchuidiú le caomhnú agus athchóiriú an dúlra, éiceachóras agus a seirbhísí. Is gá eolaíocht an chomhshaoil a chomhtháthú i ngníomhaíochtaí chun damáiste don chomhshaol a sheachaint, comhshaol glan a choinneáil agus éiceachórais shláintiúla a athchóiriú.	(24) Le gníomhaíochtaí ba cheart léiriú a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann le dul i ngleic le cailliúint thubaisteach na bithéagsúlachta agus rannchuidiú le caomhnú agus athchóiriú an dúlra, éiceachóras agus a seirbhísí. Is gá eolaíocht an chomhshaoil a chomhtháthú i ngníomhaíochtaí chun damáiste don chomhshaol a sheachaint, comhshaol glan a choinneáil agus éiceachórais shláintiúla a athchóiriú. ***Ba cheart torthaí na ngníomhaíochtaí sin a bhaint amach i réimsí beartais eile de chuid an Aontais freisin.***

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 25

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(25) Leis an gClár aithnítear go bhfuil an t-athrú aeráide ar cheann de na dúshláin dhomhanda agus shochaíocha is mó dá	(25) Leis an gClár aithnítear go bhfuil an t-athrú aeráide ar cheann de na dúshláin dhomhanda agus shochaíocha is mó dá

bhfuil ann agus aithnítear gníomhú ar son na haeráide mar spreagadh don iomaíochas tionsclaíoch. Le gníomhaíochtaí ba cheart léiriú a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann le dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais an Aontais chun Comhaontú Pháras a chur chun feidhme.

bhfuil ann, gur toisc ábhartha don iomaíochas tionsclaíoch é gníomhú ar son na haeráide agus gur straitéis thionsclaíoch nua-aimseartha atá neodrach ó thaobh carbóin de é freisin. Le gníomhaíochtaí ba cheart léiriú a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann le dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais an Aontais chun Comhaontú Pháras agus an reachtaíocht um Aistriú Cóir a chur chun feidhme. ***Ba cheart go n-urramófaí prionsabal na neodrachta teicneolaíche le cistiú taighde ón Aontas.***

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) Tá simpliú i gcur chun feidhme an Chláir fíor-riachtanach chun a inrochtaineacht agus a éifeachtúlacht a áirithiú, go háirithe tríd an ualach riaracháin ar thairbhithe a laghdú agus tríd an riosca earráidí a íoslaghdú. Chuige sin, ba cheart an Clár a bheith ag brath go príomha ar chnapshuimeanna mar an fhoirm réamhshocraithe de chistiú an Aontais. Agus iarrachtaí á ndéanamh sna Cláir Réime roimhe seo chun rialacha cistiúcháin a chuíchóiriú agus earráidí a íoslaghdú, ba cheart aisíocaíocht costas pearsanra a shimpliú a thuilleadh freisin trí chostais aonaid phearsanra a úsáid, rud a laghdaíonn castacht do rannpháirtithe agus a éascaíonn tuairisciú.	(26) Tá simpliú i gcur chun feidhme an Chláir fíor-riachtanach chun a inrochtaineacht agus a éifeachtúlacht a áirithiú, go háirithe tríd an ualach riaracháin ar thairbhithe a laghdú agus tríd an riosca earráidí a íoslaghdú. Chuige sin, ba cheart an Clár a bheith ag brath go príomha ar chnapshuimeanna mar an fhoirm réamhshocraithe de chistiú ón Aontas, go háirithe i gcás tionscadail ar mhionscála nó ar mheánscála. Leis an aistriú chuig roghanna costas simplithe nó aon chineál maoiniúcháin simplithe eile dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ráthófar trédhearcacht agus in-iniúchóireacht agus caomhnófar cearta OLAF agus OIPE imscrúduithe a dhéanamh faoi chuimsiú a sainordaithe agus cearta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa iniúchtaí a dhéanamh go héifeachtach. Áiritheofar cóir chomhionann freisin. Agus iarrachtaí á ndéanamh sna Cláir Réime roimhe seo

chun rialacha cistiúcháin a chuíchóiriú agus earráidí a íoslaghdú, ba cheart aisíocaíocht costas pearsanra a shimpliú tuilleadh freisin trí úsáid costas aonaid le haghaidh pearsanra a mholadh, rud a laghdaíonn castacht do rannpháirtithe agus a éascaíonn tuairisciú. ***Le castacht iomarcach riaracháin, eisiatar go díréireach gníomhaithe agus réigiúin ag a bhfuil níos lú acmhainní, agus dá bhrí sin, is réamhriachtanas lárnach iad iarrachtaí simpliúcháin, lena n-áirítear maidir le ceanglais tuairiscithe do thairbhithe, chun rochtain chothrom a fháil ar an gClár chun go mbeidh líon níos leithne gníomhaithe ar fud an Aontais níos iomaíche ó thaobh T&N de. I ndáil leis sin, ba cheart bearta simpliúcháin a cheapadh ar bhealach a rachaidh chun tairbhe d'iarratasóirí agus do thairbhithe, mar shampla iarratasóirí céaduaire, FBManna agus ollscoileanna réigiúnacha. Leis an gClár, ba cheart cuibhreannais níos lú agus níos solúbtha, struchtúir tionscadail mhodúlacha agus rannpháirtíocht chéimnithe a chur chun cinn freisin chun rannpháirtíocht níos leithne agus cuimsiú éifeachtach a éascú ar fud chríocha uile an Aontais. Ba cheart bearta simpliúcháin a chur chun feidhme ar bhealach comhréireach rioscabhunaithe, bunaithe ar mheasúnú riosca doiciméadaithe, lena n-áiritheofar inrochtaineacht agus leasanna airgeadais an Aontais á gcosaint trí choimircí iomchuí, lena n-áirítear socruithe iniúchóireachta agus rialaithe, chomh maith le modheolaíochtaí chun méideanna na n-íocaíochtaí a chinneadh agus sásraí chun róchúiteamh córasach a chosc. I ndeireadh na dála, ba cheart coigilteas inléirithe i mbuiséad riaracháin an Chláir a bheith mar thoradh ar***

ghnóthachain éifeachtúlachta ó bhearta simpliúcháin. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an údaráis um urscaoileadh maidir le feidhmíocht na mbeart sin, lena n-áirítear maidir le coigilteas costais riaracháin.

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 26 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(26 a) Baineann rioscaí méadaithe maidir le róchúiteamh, neamhrialtachtaí, cistiú dúbailte agus calaois le tionscadail lena mbaineann foinsí iomadúla maoinithe ón Aontas agus ar an leibhéal náisiúnta, tréimhsí fada, cuibhreannais mhóra, nó a aicmítear mar thionscadail ardriosca, agus éilítear leo tuairisciú airgeadais mionsonraithe agus sonraí caiteachais infhíoraithe chun trédhearcacht, cuntasacht agus bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú. Chun trédhearcacht agus bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú maidir le húsáid maoinithe nach bhfuil nasctha le costais, ba cheart don Choimisiún modheolaíochtaí soiléire a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear seiceálacha inchreidteachta costais agus tagarmharcáil in aghaidh gníomhaíochtaí inchomparáide, róchúiteamh agus cistiú dúbailte a chosc, agus faireachán agus iniúchadh éifeachtach a áirithiú, gan dochar a dhéanamh do shainchumais formhaoirseachta buiséadaí Pharlaimint na hEorpa.

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 26 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(26 b) Ba cheart an Clár a chur chun feidhme agus lánurraim á tabhairt do chreat an Aontais chun an buiséad a chosaint, lena n-áirítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092. Ba cheart don Choimisiún trédhearcacht agus tuairisciú iomchuí a áirithiú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le bearta lena ndéantar difear do chaiteachas an Chláir arna nglacadh faoin gcreat sin. Go háirithe, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go gcumasófar leis an gcreat rialaithe inrianaitheacht iomlán na n-oibríochtaí agus na bhfaighteoirí agus go mbeidh na sonraí is gá le haghaidh seiceálacha, iniúchtaí agus imscrúduithe iomlán, iontaofa agus curtha ar fáil tríd an limistéar aonair um shonraí leictreonacha a mhalartú agus tríd an tairseach aonair dá dtagraítear in Airteagal 31 maidir le Rochtain ar chistiú ón Aontas de Rialachán (AE) XXX [an Ciste Eorpach um Iomaíochas].

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 26 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(26 c) Maidir le deontais a chuirtear chun feidhme trí mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais ná le roghanna costas simplithe, sonrófar sa chlár oibre nó sa doiciméadacht dámhachtana an

	mhodheolaíocht le haghaidh íocaíochtaí páirteacha, laghduithe, fionraíochtaí agus aisghabhálacha i gcás nach gcomhlíontar coinníollacha íocaíochta, lena n-áirítear prionsabail na comhréireachta agus an chaoi a láimhseáiltear baint amach pháirteach. Cuirfear an mhodheolaíocht sin i bhfeidhm gan dochar do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 26 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(26 d) Chun tacú leis an leibhéal iomchuí trédhearcachta a théann chun tairbhe do chosaint leasanna airgeadais an Aontais, ba cheart gurb é an duine nádúrtha nó an t-eintiteas a fhaigheann cistiú de facto ón Aontas an faighteoir deiridh le haghaidh tacaíocht ón gClár. Níor cheart aireachtaí, gníomhaireachtaí nó comhlachtaí rialtais a dhéanann formhaoirseacht ar na cistí nó a dhéanann iad a rialáil nó a riar a mheas mar fhaighteoirí deiridh ach amháin nuair a bhíonn baint acu féin le cur i gcrích agus le cur i bhfeidhm díreach na hoibre nó na seirbhíse agus a dhéanann siad na costais ghaolmhara a sheasamh, agus ba cheart é sin a thaifeadadh ar bhealach a fhágann gur féidir na cistí ón Aontas a rianú feadh an tslabhra cur chun feidhme ina iomláine.

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 26 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(26 e) Cé go rannchuidíonn roghanna costas simplithe, lena n-áirítear cistiú cnapshuime, leis an ualach riaracháin agus rátaí earráide a laghdú, tá sé bunriachtanach go mbeidh an mhodheolaíocht a úsáidtear chun na méideanna sin a chinneadh bunaithe ar mheasúnuithe láidre inchreidteachta costais agus ar thagarmharcáil in aghaidh gníomhaíochtaí inchomparáide, agus go ndéanfar athbhreithniú tréimhsiúil orthu chun bainistíocht fhónta airgeadais agus luach ar airgead a áirithiú.

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Téacs gan athrú atá mar chuid den chomhréiteach*
(27) Chun freastal ar leagan amach eagraíochtúil sonrach, a thagann chun cinn go háirithe sna gníomhaíochtaí Taighde agus Nuálaíochta, ba cheart é a bheith indéanta a dhearbhú go bhfuil ranníocaíochtaí comhchineáil ó thríú páirtithe ina gcostais incháilithe. Chun luachshocrú torthaí a dhreasú, ba cheart a shoiléiriú nár cheart é sin a áireamh mar ioncam ón ngníomhaíocht.	(27) Chun freastal ar leagan amach eagraíochtúil sonrach, a thagann chun cinn go háirithe sna gníomhaíochtaí Taighde agus Nuálaíochta, ba cheart é a bheith indéanta a dhearbhú go bhfuil ranníocaíochtaí comhchineáil ó thríú páirtithe ina gcostais incháilithe. Chun luachshocrú torthaí a dhreasú, ba cheart a shoiléiriú nár cheart é sin a áireamh mar ioncam ón ngníomhaíocht.

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(30) Maidir leis na gníomhaíochtaí faoin Rialachán seo ba cheart infheistíochtaí a luathú nó borradh a chur fúthu trí dhul i ngleic le clistí margaidh nó cásanna infheistíochta fo-optamacha, ar bhealach comhréireach, trí dhúbláil nó plódú a sheachaint agus trí chistiú príobháideach a dhreasú, agus ba cheart breisluach an Aontais a bheith acu. Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 CFAE maidir le hacmhainní náisiúnta, ba cheart comhsheasmhacht a áirithiú leis sin freisin idir na gníomhaíochtaí faoin gClár agus na rialacha maidir leis an státchabhair, agus, ar an gcaoi sin seachnófar saobhadh iomaíochta míchuí sa mhargadh inmheánach.	(30) Maidir leis na gníomhaíochtaí dá dtugtar tacaíocht faoin Rialachán seo ba cheart infheistíochtaí a luathú nó borradh a chur fúthu trí dhul i ngleic le clistí margaidh nó cásanna infheistíochta fo-optamacha, ar bhealach comhréireach, trí dhúbláil nó plódú a sheachaint agus trí chistiú príobháideach a dhreasú, agus ba cheart breisluach an Aontais a bheith acu. Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 CFAE maidir le hacmhainní náisiúnta, ba cheart comhsheasmhacht a áirithiú leis sin freisin idir na gníomhaíochtaí faoin gClár agus na rialacha maidir leis an státchabhair, agus, ar an gcaoi sin seachnófar saobhadh iomaíochta míchuí sa mhargadh inmheánach. ***Cuireann an Pharlaimint i bhfios go láidir, sa chleachtas, go bhféadfadh coinníollacha dochta incháilitheachta agus srianta státchabhrach maidir le scéimeanna nuálaíochta faoi bhainistíocht chomhroinnte cosc a chur ar ghnólachtaí nuathionscanta domhainteicneolaíochta ardriosca atá bunaithe ar thaighde – a oibríonn go minic ar feadh tréimhsí fada ama sula bhfaigheann siad ioncam – rochtain a fháil ar thacaíocht, rud a bhaineann an bonn ón gcuspóir píblíne cuideachtaí nuálacha a bhunú ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart leis an gClár comhordú agus comhlántacht níos fearr a chur chun cinn idir ionstraimí tacaíochta de chuid Fhís Eorpach agus ionstraimí faoi bhainistíocht chomhroinnte, ionas nach ndéanfar nuálaíocht shuaiteach lena ngabhann tréimhsí ama níos faide don mhargadh a eisiamh go struchtúrach.***

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 32 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(32 a) D'fhéadfadh rioscaí sonracha a bheith ag baint le húsáid mhéadaithe an tsoláthair réamhthráchtála faoin gClár, lena n-áirítear an fhéidearthacht nósanna imeachta dhá chéim a bheith ann agus soláthar réiteach ceannródaíoch an-nuálach, mar gheall ar an taithí theoranta atá ag údaráis chonarthacha áirithe ar shamhlacha soláthair nuálacha. Chun bainistíocht fhónta airgeadais, trédhearcacht agus úsáid éifeachtach torthaí a áirithiú, ba cheart don Choimisiún treoraíocht a thabhairt d'údaráis chonarthacha agus do thairbhithe, lena n-áirítear tacaíocht spriocdhírithe fothaithe acmhainneachta d'údaráis a bhfuil taithí theoranta acu, go háirithe i mBallstáit bheaga, agus bearta chun rannpháirtíocht FBManna agus nuálaithe beaga eile a éascú, go háirithe maidir le coinbhleachtaí leasa a chosc, cearta maoine intleachtúla a bhainistiú, úinéireacht torthaí agus rochtain orthu, agus úsáid éifeachtach earraí, seirbhísí nó oibreacha arna soláthar.

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 35

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(35) I gcomhréir le Rialachán (AE,	(35) I gcomhréir le Rialachán (AE,

Euratom) 2024/2509, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9], Rialacháin (Euratom, CE) Uimh. 2988/95 ón gComhairle[10], (Euratom, CE) Uimh. 2185/96[11] agus (AE) 2017/1939[12], tá leasanna airgeadais an Aontais le cosaint trí bhearta comhréireacha, lena n-áirítear trí neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath, a cheartú agus a imscrúdú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus (Euratom, CE) Uimh. 2185/96, féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a fháil amach ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, tá Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) inniúil chun calaois agus cionta coiriúla eile, lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, de réir mar a fhoráiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13]. I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, aon duine nó eintiteas a fhaigheann cistí ón Aontas, ní mór dó nó di dul i gcomhar go hiomlán chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, chun na cearta agus an rochtain is gá a dheonú don Choimisiún, OLAF, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus, de réir mar is iomchuí, OIPE, agus chun a áirithiú go ndéanfar aon tríú páirtí atá rannpháirteach i gcur chun feidhme cistí ón Aontas cearta coibhéiseacha a dheonú.

Euratom) 2024/2509, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9], Rialacháin (Euratom, CE) Uimh. 2988/95 ón gComhairle[10], (Euratom, CE) Uimh. 2185/96[11] agus (AE) 2017/1939[12], tá leasanna airgeadais an Aontais le cosaint trí bhearta comhréireacha, lena n-áirítear trí neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath, a cheartú agus a imscrúdú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus (Euratom, CE) Uimh. 2185/96, féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a fháil amach ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, tá Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) inniúil chun calaois agus cionta coiriúla eile, lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, de réir mar a fhoráiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13]. I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, aon duine nó eintiteas a fhaigheann cistiú ón Aontas faoin Rialachán seo, lena n-áirítear i bhfoirm oibríochtaí measctha amhail ionstraimí airgeadais, ní mór dó nó di dul i gcomhar go hiomlán chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, chun na cearta agus an rochtain is gá a dheonú don Choimisiún, do OLAF, do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus, de réir mar is iomchuí, do OIPE, agus chun a áirithiú go

ndéanfar aon tríú páirtí atá rannpháirteach i gcur chun feidhme cistí ón Aontas cearta coibhéiseacha a dheonú.

---

[9] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle,(IO L 248, 18.9.2013, lch. 1.

[10] Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.95, lch. 1).

[11] Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint ar an gcalaois agus neamhrialtachtaí eile (IO L 15,11.96, lch. 2).

[12] Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (‘OIPE’) (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

[13] Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

---

[9] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

[10] Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.95, lch. 1).

[11] Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint ar an gcalaois agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.96, lch. 2).

[12] Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (‘OIPE’) (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

[13] Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 35 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(35 a) Chun tionchar an Chláir a neartú, ba cheart béim a leagan ar fheidhmíocht agus ar thorthaí inláimhsithe, arna dtomhas le creat soiléir lena dtugtar tús áite don tionchar. Ba cheart go léireofaí leis na táscairí príomhúla an luach eacnamaíoch agus tionsclaíoch a ghintear le nuálaíocht arna cistiú ag an Aontas, lena n-áirítear toradh ar infheistíocht, glacadh sa mhargadh, fás táirgiúlachta agus fás ioncaim atá inchurtha i leith nuálaíochtaí dá dtugtar tacaíocht, chomh maith le táscairí amhail an tionchar ar thionscal, ar an ngeilleagar agus ar an gcomhshaol, paitinní, foilseacháin eolaíochta agus acmhainneacht saothraithe. Ba cheart táscairí aschuir, amhail an cistiú a shlógtar, an líon tionscadal a chistítear in aghaidh na hearnála agus an líon gnólachtaí nuathionscanta a chuirtear ar bun, a úsáid mar mhéadracht chomhlántach chun torthaí a mhíniú seachas iad a ionadú. Ba cheart don Choimisiún achoimrí feidhmíochta soiléire agus soláimhsithe a fhoilsiú go bliantúil i dtaobh gach coda den Chlár, lena n-áirítear forléargais aon leathanaigh agus deaiseanna idirghníomhacha le tacair sonraí mheaisín-inléite. Maidir le cláir nó sruthanna cistiúcháin a mhainníonn go comhsheasmhach a spriocanna tionchair a bhaint amach, ba cheart iad a bheith faoi réir sásra athbhreithniúcháin

éigeantach trína ndéantar measúnú uathoibríoch orthu le haghaidh fionraí nó ath-leithdháileadh féideartha ar ionstraimí níos éifeachtaí.

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 35 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(35 b) Ba cheart teorainneacha ama nós imeachta a shocrú le haghaidh meastóireachta, ullmhú deontais agus síniú chun rochtain thráthúil ar chistiú a áirithiú. Leis an gcur chuige sin, ba cheart rochtain do FBManna agus do sheach-chuideachtaí a éascú, comhchruinniú cistithe ar líon teoranta struchtúr a sheachaint agus rannchuidiú le moilleanna riaracháin a laghdú. Ba cheart córais iniúchóireachta agus rialaithe a fhorbairt i dtreo cur chuige níos simplí agus níos coiscthí, agus iad ag brath ar bhealach níos forleithne ar uirlisí digiteacha agus ar oiliúint éigeantach do thairbhithe agus d'iarratasóirí nua, go háirithe a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le costais phearsanra, ar mórfhoinse earráide iad.

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 35 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(35 c) Ba cheart úsáid cistí faoin gClár a bheith faoi réir fhormhaoirseacht Pharlaimint na hEorpa. Ba cheart

faisnéis faoi thairbhithe deiridh agus faoi thionscadail a mhaoinítear a chur ar fáil don Pharlaimint go tráthúil agus ba cheart do na geallsealbhóirí ábhartha comhoibriú leis an bParlaimint i ngníomhaíochtaí grinnscrúdaithe, lena n-áirítear trí fhaisnéis a sholáthar agus trí pháirt a ghlacadh in éisteachtaí parlaiminteacha.

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 36

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(36) Tá an Clár le cur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an Rialachán Feidhmíochta] lena mbunaítear na rialacha maidir le creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta buiséid, lena n-áirítear rialacha chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go haonfhoirmeach na prionsabail maidir le 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus maidir leis an gcomhionannas inscne dá dtagraítear in Airteagal 33(2), pointí (d) agus (f), chomh maith leis na forálacha maidir le hinrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas a léirítear in Airteagail 17.3, 20.4 agus 21.1 d'Iarscríbhinn I, a ghabhann le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 faoi seach agus i gcomhréir le ceanglais inrochtaineachta Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Treoir 2019/882, rialacha maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais, rialacha maidir le tairseach um chistiú ón Aontas a bhunú, rialacha chun meastóireacht a dhéanamh ar na cláir, chomh maith leis na	(36) Tá an Clár le cur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an Rialachán Feidhmíochta] lena mbunaítear na rialacha maidir le creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta buiséid, lena n-áirítear rialacha chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go haonfhoirmeach na prionsabail maidir le 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus maidir leis an gcomhionannas inscne dá dtagraítear in Airteagal 33(2), pointí (d) agus (f), chomh maith leis na forálacha maidir le hinrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas a léirítear in Airteagail 17.3, 20.4 agus 21.1 d'Iarscríbhinn I, a ghabhann le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 faoi seach agus i gcomhréir le ceanglais inrochtaineachta Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Treoir 2019/882, rialacha maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais, rialacha maidir le tairseach um chistiú ón Aontas a bhunú, rialacha chun meastóireacht a dhéanamh ar na cláir, chomh maith leis na

forálacha cothrománacha eile is infheidhme maidir le cláir uile an Aontais amhail na cláir sin maidir le faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht.	forálacha cothrománacha eile is infheidhme maidir le cláir uile an Aontais amhail na cláir sin maidir le faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht. ***Ba cheart na rialacha maidir le cur chun feidhme na bprionsabal cothrománach sin faoin gClár seo a bheith comhréireach agus oiriúnaithe do chineál an taighde agus na nuálaíochta agus don fhéidearthacht cuspóirí an Chláir a leagtar amach sa Rialachán seo a bhaint amach, agus níor cheart ceanglais a fhorchur leo a théann thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Go háirithe, níor cheart go gcuirfí isteach ar shaoirse an taighde bhunúsaigh le srianta cinnteachaíocha ón mbarr anuas. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus trédhearcacht d'iarratasóirí agus do thairbhithe, ba cheart na módúlachtaí sonracha maidir le cur chun feidhme na bprionsabal cothrománach sin faoin gClár a leagan síos sa Rialachán seo.***

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 36 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(36 a) Ós rud é, de réir na Tuarascála Bliantúla ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa don bhliain airgeadais 2024, go bhféadfadh iasachtaí gan íoc a fuair an tAontas ar iasacht a bheith os cionn EUR 900 billiún faoi 2027, atá beagnach deich n-uaire níos airde ná mar a bhí in 2020 sular seoladh an ionstraim théarnaimh NextGenerationEU, agus go bhfuil riosca ag baint le costais iasachtaíochta atá ag dul i méid do bhuiséid amach anseo agus go

	laghdaítear an spás fioscach atá ar fáil do thosaíochtaí nua leo, éilítear leis an brú fioscach sin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar an gClár smacht dian caiteachais a choinneáil ar bun agus tosaíocht a thabhairt do chaiteachas a bhfuil an breisluach inléirithe is mó ag baint leis. Níor cheart go dtiocfadh méadú díréireach ar fhorchostais riaracháin, lena n-áirítear costais na ngníomhaireachtaí feidhmiúcháin, i gcomparáid leis an mbuiséad oibríochtúil.

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 24 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(24 a) ciallaíonn 'faighteoir deiridh' conraitheoir, fochonraitheoir, saineolaí seachtrach ar luach saothair nó aon duine nó eintiteas a fhaigheann duaiseanna nó cistí faoin gClár.

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – fleasc 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
– Tosaíochtaí an Aontais agus tosaíochtaí náisiúnta agus réigiúnacha a ailíniú chun éiceachóras taighde agus nuálaíochta uile-Eorpach a chruthú.	– Tosaíochtaí an Aontais agus tosaíochtaí náisiúnta agus réigiúnacha a ailíniú chun éiceachóras taighde agus nuálaíochta uile-Eorpach a chruthú chun aghaidh a thabhairt go leormhaith ar thosaíochtaí agus ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn.

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – fleasc 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	– A áirithiú go mbeidh cistiú ón Aontas faoin gClár, lena n-áirítear na cistí sin faoi CNE, nasctha le torthaí intomhaiste, ar cheart iad a bheith i gcomhréir le cuspóirí beartas an Aontais, le táscairí feidhmíochta agus le meastóireacht ex-post lena ndéantar measúnú ar an tionchar críochach, ar éifeacht ghiarála infheistíochtaí breise agus ar an inbhuanaitheacht fhadtéarmach.

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – fleasc 7 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	– A áirithiú go gcuirfear caiteachas uile an Chláir ar fáil chun tacú le measúnú an údaráis um urscaoileadh ar luach ar airgead.

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – fleasc 7 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	– Measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht, trédhearcacht agus luach ar airgead na n-ionstraimí airgeadais a úsáidtear faoin gClár, lena n-áirítear

infheistíochtaí cothromais agus maoiniú measctha.

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1 a. Déanfar treoshuíomh straitéiseach an Chláir a ullmhú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun cuntasacht phoiblí a áirithiú.

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(c a) déanfar na prionsabail chothrománacha is infheidhme maidir leis an gClár, lena n-áirítear an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh', comhionannas inscne, lena n-áirítear príomhshruthú inscne, agus inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun feidhme ar bhealach a bheidh comhréireach agus oiriúnaithe do chineál na ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta agus don fhéidearthacht cuspóirí an Chláir a leagtar amach in Airteagal 3 a bhaint amach.

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 5 – mír 1 – pointe c b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(c b) déanfar na módúlachtaí sonracha maidir le cur chun feidhme na bprionsabal cothrománach dá dtagraítear san Airteagal seo a leagan síos sa Rialachán seo agus ní dhéanfar ceanglais a fhorchur leo a théann thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí an Chláir a bhaint amach.

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – pointe c c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(c c) áiritheofar simpliú riaracháin agus laghdú an ualaigh ar iarratasóirí agus ar thairbhithe, agus trédhearcacht, cuntasacht agus in-iniúchóireacht á n-áirithiú.

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) EUR 44 079 000 000 le haghaidh Chuid I ‘Eolaíocht den Scoth’, méid a bhfuil EUR 2 600 000 000 de ann le haghaidh ghníomhaíochtaí díreacha neamhnúicléacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC).	(a) EUR 44 079 000 000 le haghaidh Chuid I ‘Eolaíocht den Scoth’, méid a bhfuil EUR (XXX) de ann le haghaidh na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERC), EUR (XXX) de ann le haghaidh Ghníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie (GMSC) agus EUR 2 600 000 000 de ann le haghaidh ghníomhaíochtaí díreacha neamhnúicléacha an Airmheáin

Chomhpháirtigh Taighde (JRC).

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Féadfar an méid dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus méideanna acmhainní breise dá dtagraítear in Airteagal 7 a úsáid freisin le haghaidh cúnamh teicniúil agus riaracháin chun an Clár a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialúcháin, iniúchóireachta agus meastóireachta, córais agus ardáin teicneolaíochta faisnéise, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear cumarsáid chorparáideach maidir le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais, agus gach cúnamh teicniúil agus riaracháin nó costas foirne eile a thabhaíonn an Coimisiún chun an Clár a bhainistiú.	3. Féadfar an méid dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus méideanna acmhainní breise dá dtagraítear in Airteagal 7 a úsáid freisin le haghaidh cúnamh teicniúil agus riaracháin chun an Clár a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialúcháin, iniúchóireachta agus meastóireachta, lena n-áirítear dearadh agus oibriú córas agus modheolaíochtaí chun cáilíocht agus fíorú neamhspleách sonraí feidhmíochta agus bainistithe airgeadais a áirithiú, agus idir-inoibritheacht leis an limistéar aonair um shonraí leictreonacha a mhalartú agus leis an tairseach aonair dá dtagraítear in Airteagal 31 maidir le Rochtain ar chistiú ón Aontas de Rialachán (AE) XXX [an Ciste Eorpach um Iomaíochas], córais agus ardáin teicneolaíochta faisnéise, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear cumarsáid chorparáideach maidir le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais, agus gach cúnamh teicniúil agus riaracháin nó costas foirne eile a thabhaíonn an Coimisiún chun an Clár a bhainistiú.

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3 a. Áiritheoidh an Coimisiún go gcoinneofar cuntais ar leithligh le haghaidh an chaiteachais arna thabhú faoi mhír 3 chun críoch faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta, lena n-áirítear córais TF chorparáideacha a úsáidtear chun na gcríoch sin. Tarchuirfidh an Coimisiún miondealú ar chaiteachas riaracháin agus oibríochtúil go bliantúil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, agus idirdhealú á dhéanamh idir na nithe seo a leanas ar a laghad:* ***(a) faireachán agus tuairisciú feidhmíochta; ***(b) rialuithe ex ante agus ex post;*** ***(c) gníomhaíochtaí iniúchóireachta agus frithchalaoise;*** ***(d) costais foirne, lena n-áirítear foireann na ngníomhaireachtaí feidhmiúcháin;*** ***(e) córais agus ardáin TF;*** ***(f) gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide;*** ***(g) forchostais eile.***

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Acmhainní arna leithdháileadh ar Bhallstáit faoi bhainistíocht chomhroinnte, féadfar iad a chur ar fáil don Chlár, arna iarraidh sin do na Ballstáit. Déanfaidh an Coimisiún na hacmhainní sin a chur chun	2. Acmhainní arna leithdháileadh ar Bhallstáit faoi bhainistíocht chomhroinnte, féadfar iad a chur ar fáil don Chlár, arna iarraidh sin do na Ballstáit. Déanfaidh an Coimisiún na hacmhainní sin a chur chun

feidhme go díreach nó go hindíreach i gcomhréir le hAirteagal 62(1), pointe (a) nó (c) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Beidh siad de bhreis ar an méid dá dtagraítear in Airteagal 6(1) den Rialachán seo. Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit lena mbaineann. I gcás nach bhfuil gealltanas dlíthiúil tugtha ag an gCoimisiún faoi bhainistíocht dhíreach ná faoi bhainistíocht indíreach maidir le méideanna breise arna gcur ar fáil don Chlár ar an dóigh sin, féadfar na méideanna comhfhreagracha nár gealladh a aistriú ar ais chuig clár foinseach amháin nó níos mó faoi seach nó chuig a gcomharbaí, arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann.

feidhme go díreach nó go hindíreach i gcomhréir le hAirteagal 62(1), pointe (a) nó (c) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Beidh siad de bhreis ar an méid dá dtagraítear in Airteagal 6(1) den Rialachán seo. Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit lena mbaineann. I gcás nach bhfuil gealltanas dlíthiúil tugtha ag an gCoimisiún faoi bhainistíocht dhíreach ná faoi bhainistíocht indíreach maidir le méideanna breise arna gcur ar fáil don Chlár ar an dóigh sin, féadfar na méideanna comhfhreagracha nár gealladh a aistriú ar ais chuig clár foinseach amháin nó níos mó faoi seach nó chuig a gcomharbaí, arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann. Déanfar acmhainní breise ó bhainistíocht chomhroinnte a dhearadh, a chur chun feidhme agus déanfar faireachán orthu i gcomhréir le prionsabal na comhpháirtíochta, agus róil na Parlaiminte mar reachtóir, mar údarás buiséadach agus mar údarás um urscaoileadh á gcoimirciú go hiomlán.

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Cuirfear an Clár chun feidhme i sineirge le cláir eile de chuid an Aontais. Gníomhaíocht a bhfuil ranníocaíocht ón Aontas faighte aici ó chlár eile, féadfaidh sí ranníocaíocht a fháil faoin gClár seo freisin. Beidh feidhm ag rialacha an chláir ábhartha de chuid an Aontais maidir leis an ranníocaíocht chomhfhreagrach, sin nó féadfar sraith aonair rialacha a chur i bhfeidhm maidir leis na ranníocaíochtaí uile agus féadfar gealltanas dlíthiúil aonair	1. Cuirfear an Clár chun feidhme i sineirge le cláir eile de chuid an Aontais. Gníomhaíocht a bhfuil ranníocaíocht ón Aontas faighte aici ó chlár eile, féadfaidh sí ranníocaíocht a fháil faoin gClár seo freisin, ar choinníoll nach gcumhdaítear na costais chéanna le ranníocaíochtaí iomadúla. Beidh feidhm ag rialacha an chláir ábhartha de chuid an Aontais maidir leis an ranníocaíocht chomhfhreagrach, sin nó féadfar sraith aonair rialacha a chur i

a thabhairt i gcrích. Más ar chostais incháilithe a bhunaítear an ranníocaíocht ón Aontas, ní rachaidh an tacaíocht charnach ó bhuiséad an Aontais thar chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta agus féadfar í a ríomh ar bhonn *pro rata* i gcomhréir leis na doiciméid ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht.	bhfeidhm maidir leis na ranníocaíochtaí uile agus féadfar gealltanas dlíthiúil aonair a thabhairt i gcrích. Más ar chostais incháilithe a bhunaítear an ranníocaíocht ón Aontas, ní rachaidh an tacaíocht charnach ó bhuiséad an Aontais thar chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta agus féadfar í a ríomh ar bhonn *pro rata* i gcomhréir leis na doiciméid ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht. ***Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh bearta comhordaithe i bhfeidhm chun cistiú dúbailte a chosc agus a bhrath agus chun a áirithiú go ndéanfar caighdeáin incháilitheachta agus rialaithe a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud an Chláir agus fioróidh sé, ar bhonn rioscabhunaithe, nach ndéanfar na costais chéanna a mhaoiniú faoi dhó leis an tacaíocht ón Aontas arna deonú faoin Rialachán seo agus faoi chláir eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear trí mhalartú sonraí a éascú agus trí úsáid a bhaint as na sonraí atá ar fáil trí na córais dá dtagraítear in Airteagal 31 maidir le Rochtain ar chistiú ón Aontas de Rialachán (AE) XXX (an Ciste Eorpach um Iomaíochas), faoi réir na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí agus slándáil sonraí.***

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2 a. I gcás ina bhfaighidh gníomhaíocht cistiú comhcheangailte nó carnach ó bhuiséad an Aontais, áiritheoidh an Coimisiún go sannfar

aitheantóir uathúil don ghníomhaíocht agus go ndéanfaidh an t-údarás deonúcháin cros-seiceálacha ex ante agus seiceálacha ex post rioscabhunaithe chun cistiú dúbailte a chosc agus inrianaitheacht ar fud na gclár a áirithiú.

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2 b. I gcás ina dtacaítear le gníomhaíochtaí le cistiú faoi bhainistíocht chomhroinnte, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, socruithe praiticiúla a chur chun cinn chun rochtain do FBManna nuálacha agus do ghnólachtaí nuathionscanta a éascú, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar shrianta ar shreabhadh airgid agus ar cheanglais dhíréireacha maidir le ráthaíochtaí airgeadais ag na céimeanna tosaigh, agus bainistíocht fhónta airgeadais á háirithiú.

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3 a. Áiritheoidh an Coimisiún agus na Ballstáit go ndéanfar cros-seiceáil chórasach ar chistiú faoin gClár seo le cláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais chun cistiú dúbailte na gníomhaíochta céanna nó an tairbhí

chéanna a chosc.

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Féadfaidh na Ballstáit gníomhaíochtaí ar dámhadh Séala Iomaíochais orthu a mhaoiniú.	4. Féadfaidh na Ballstáit gníomhaíochtaí ar dámhadh Séala Iomaíochais orthu a mhaoiniú. ***Beidh na gníomhaíochtaí sin i gcomhréir le rialacha is infheidhme an Aontais maidir leis an státchabhair agus cuirfear chun feidhme iad ar bhealach lena ndéanfar cistiú dúbailte a chosc.***

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 2 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(e a) déanfar sásraí láidre bainistithe riosca a úsáid agus sásraí éifeachtacha smachtbhannaí a chur i bhfeidhm i gcás sárú ar théarmaí an chomhaontaithe;

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 2 – pointe e b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(e b) áiritheofar dícheall cuí iomlán maidir le torthaí tionscadal a thuairisciú agus trédhearcacht maidir leis an bhfaisnéis faoi thairbhithe deiridh i

	dtionscadail arna maoiniú faoi comhaontuithe comhlachais;

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 2 – pointe e c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(e c) déanfar bearta láidre a thabhairt isteach agus a chur chun feidhme chun coinbhleachtaí leasa a chosc.

Leasú 56
Airteagal 9 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Chun críocha mhír 2, pointe (d), deonóidh an tríú tír na cearta agus an rochtain is gá a cheanglaítear faoi Rialacháin (AE, Euratom) 2024/2509 agus (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, agus ráthóidh sí go mbeidh cinntí forfheidhmiúcháin lena bhforchuirtear oibleagáid airgid ar bhonn Airteagal 299 CFAE, chomh maith le breithiúnais agus orduithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, infhorfheidhmithe.	3. Chun críocha mhír 2, pointe (d), deonóidh an tríú tír na cearta agus an rochtain is gá a cheanglaítear faoi Rialacháin (AE, Euratom) 2024/2509, (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus (AE) 2017/1939 don Choimisiún, do OLAF agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, agus ráthóidh sí go mbeidh cinntí forfheidhmiúcháin lena bhforchuirtear oibleagáid airgid ar bhonn Airteagal 299 CFAE, chomh maith le breithiúnais agus orduithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, infhorfheidhmithe.

Leasú 57
Airteagal 9 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Le raon feidhme chomhlachas gach tríú tír leis an gClár cuirfear san áireamh	5. Le raon feidhme chomhlachas gach tríú tír leis an gClár cuirfear san áireamh

anailís ar na rioscaí, go háirithe na rioscaí sin ar dócha go ndéanfar difear leo d'ord poiblí agus slándáil an Aontais i réimsí ábhartha beartais, lena n-áirítear slándáil eacnamaíoch agus taighde, chomh maith le tairbhí agus leis an gcuspóir níos leithne a bhaineann le fás eacnamaíoch agus iomaíochas an Aontais a spreagadh tríd an nuálaíocht. Dá réir sin, cé is moite de chomhaltaí LEE, tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha, féadfar tríú tíortha a eisiamh ó chodanna den Chlár i gcomhréir leis an Rialachán seo nó leis an gcomhaontú comhlachais féin.	anailís ar na rioscaí ar dócha go ndéanfar difear leo d'ord poiblí agus slándáil an Aontais i réimsí ábhartha beartais, lena n-áirítear slándáil eacnamaíoch agus taighde. Le raon feidhme chomhlachas gach tríú tír leis an gClár cuirfear san áireamh freisin anailís ar na tairbhí agus an cuspóir níos leithne a bhaineann le fás eacnamaíoch agus iomaíochas an Aontais a spreagadh tríd an nuálaíocht. Dá réir sin, cé is moite de chomhaltaí LEE, tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha, féadfar tríú tíortha a eisiamh ó chodanna den Chlár i gcomhréir leis an Rialachán seo nó leis an gcomhaontú comhlachais féin.

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Cuirfear an Clár chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, faoi bhainistíocht dhíreach nó faoi bhainistíocht indíreach le comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 62(1), pointe (c) den Rialachán sin.	1. Cuirfear an Clár chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, faoi bhainistíocht dhíreach nó faoi bhainistíocht indíreach le comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 62(1), pointe (c) den Rialachán sin agus róil na Parlaiminte mar údarás buiséadach agus mar údarás um urscaoileadh á gcoimirciú go hiomlán.

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. I gcás ina soláthraítear cistiú ón Aontas i bhfoirm deontais, soláthrófar	4. I gcás ina soláthraítear cistiú ón Aontas i bhfoirm deontais, soláthrófar

cistiú mar mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costas, nó mar roghanna costas simplithe, go háirithe trí chnapshuimeanna chomh maith le costais aonaid le haghaidh pearsanra, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Ní fhéadfar cistiú a sholáthar i bhfoirm aisíocaíocht costais incháilithe iarbhír ach amháin i gcás nach féidir cuspóirí gníomhaíochta a bhaint amach ar shlí eile. I gcás inar gá foinsí cistiúcháin eile a chumasú, lena n-áirítear comhinfheistíochtaí le hacmhainní náisiúnta faoi réir rialacha maidir leis an státchabhair, soláthrófar cistiú i bhfoirm aisíocaíochta costais incháilithe iarbhír nó roghanna costas simplithe.	cistiú san fhoirm a mheastar is iomchuí bunaithe ar chineál agus chuspóirí na gníomhaíochta. Dá réir sin, féadfar é a sholáthar mar mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costas, nó mar roghanna costas simplithe, go háirithe trí chnapshuimeanna chomh maith le costais aonaid le haghaidh pearsanra, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. I gcás ina bhfuil costas iomlán measta oibríochta os cionn EUR 20 000 000, arb ionann é agus infheistíocht ar mhórscála, nó i gcás inar gá agus inarb iomchuí, féadfar cistiú ón Aontas a sholáthar i bhfoirm aisíocaíocht costais incháilithe iarbhír. Féadfar an cistiú sin nó cistiú i bhfoirm roghanna costas simplithe a sholáthar freisin i gcás inar gá foinsí cistiúcháin eile a chumasú, lena n-áirítear comhinfheistíochtaí le hacmhainní náisiúnta faoi réir rialacha maidir leis an státchabhair.

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4 a. Ní chuirfidh úsáid cnapshuimeanna mar chineál cistiúcháin srian ar chearta iniúchóireachta agus imscrúdaithe Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, OLAF ná OIPE, ná ní bhainfear an bonn ón leibhéal dearbhaithe atá ar fáil don údarás um urscaoileadh léi. Déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn measúnú riosca doiciméadaithe, sásraí fiorúcháin ex post comhréireacha a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí arna gcistiú le cnapshuimeanna.

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 4 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4 b. Nuair a sholáthraítear cistiú i bhfoirm roghanna costas simplithe, tabharfar údar sa chlár oibre nó sa doiciméadacht dámhachtana le hoiriúnacht an chineáil cur chun feidhme arna roghnú agus saineofar ann/inti coinníollacha íocaíochta oibiachtúla, intomhaiste agus infhíoraithe, lena n-áirítear an fhianaise is gá chun baint amach aschur, torthaí nó garspriocanna a léiriú. Sna cásanna sin, sonrófar an méid seo a leanas sna cláir oibre:
	(a) an mhodheolaíocht chun an méid a chinneadh;
	(b) na garspriocanna, na spriocanna nó na coinníollacha íocaíochta atá infhíoraithe go hoibiachtúil;
	(c) an nós imeachta chun a fhíorú gur baineadh amach iad, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, fíorú neamhspleách;
	(d) na hiarmhairtí a bhaineann le baint amach páirteach, lena n-áirítear laghduithe comhréireacha ar dheontais agus aisghabhálacha; agus
	(e) measúnú ar chealú na mbeart agus/nó neamhchomhlíonadh réamhchoinníollacha i ndiaidh an ghníomhaíocht a chur i gcrích.
	Maidir le deontais a chuirtear chun feidhme trí roghanna costas simplithe, sonrófar sa chlár oibre nó sa doiciméadacht dámhachtana an mhodheolaíocht le haghaidh laghduithe, fionraíochtaí agus aisghabhálacha i gcás

	nach gcomhlíontar coinníollacha íocaíochta, lena n-áirítear prionsabail na comhréireachta agus an chaoi a láimhseáiltear baint amach pháirteach. Cuirfear an mhodheolaíocht sin i bhfeidhm gan dochar do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Chun críocha Airteagal 153(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, féadfaidh an coiste meastóireachta a bheith comhdhéanta go páirteach nó go hiomlán de shaineolaithe seachtracha neamhspleácha.	5. Chun críocha Airteagal 153(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, déanfaidh an coiste meastóireachta a bheith comhdhéanta go páirteach nó go hiomlán de shaineolaithe seachtracha neamhspleácha. ***I gcás ina n-úsáidfear saineolaithe seachtracha, déanfaidh an t-údarás deonúcháin seiceálacha iomchuí roimh an nós imeachta dámhachtana agus áiritheoidh sé bainistiú doiciméadaithe ar choinbhleachtaí leasa, easpa coinbhleachtaí leasa, trédhearcacht maidir le roghnú na saineolaithe agus leibhéal iomchuí neamhspleáchais agus saineolais i gcomhréir leis an luach eolaíoch agus leis an leas acadúil, leis an bpróifíl riosca agus le raon feidhme na gníomhaíochta. I gcás inarb infheidhme, beidh saineolaithe seachtracha neamhspleácha ar na coistí meastóireachta. I gcás nach féidir le saineolaithe seachtracha neamhspleácha a bheith rannpháirteach, ar chúiseanna práinne, slándála nó rúndachta a bhfuil údar cuí leo, déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean na cúiseanna agus na coimircí cúiteacha arna gcur i bhfeidhm a dhoiciméadú chun***

trédhearcacht, cóir chomhionann agus easpa coinbhleachtaí leasa a áirithiú. I gcomhréir iomlán le rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí, cuirfear ainmneacha na saineolaithe seachtracha neamhspleácha ar fáil don údarás um urscaoileadh arna iarraidh sin dó.

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 10a
	Trédhearcacht na dtairbhithe agus na bhfaighteoirí deiridh
	1. Le gach cineál cur chun feidhme, beifear in ann na cistí ón Aontais a rianú ina n-iomláine. Áiritheoidh an Coimisiún trédhearcacht na tacaíochta ón Aontas dá bhforáiltear faoin Rialachán seo i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus foilseoidh sé, i bhformáid mheaisín-inléite agus inchuardaithe, faisnéis faoi na comhpháirtithe cuibhreannais uile agus faoi fhaighteoirí deiridh uile an chistithe ón Aontas, lena n-áirítear tairbhithe, conraitheoirí, fochonraitheoirí agus faighteoirí, agus, i gcás inarb infheidhme, úinéirí tairbhiúla, agus rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí á gcomhlíonadh.
	2. Áireofar san fhaisnéis a fhoilseofar ar a laghad ainm, suíomh (tír) agus teideal na gníomhaíochta, an chuid ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 4 den Rialachán seo, an cineál tacaíochta, agus an méid a gealladh agus a íocadh. Beidh aon srian ar fhoilsiú faoin

Airteagal seo riachtanach agus comhréireach agus déanfar é a dhoiciméadú; i gcás ina bhfuil srian ar fhoilsiú, foilseoidh an Coimisiún achoimre neamhrúnda.

3. Ní dhéanfaidh an rogha maidir leis an gcineál cur chun feidhme difear do na rialacha is infheidhme maidir le heisiamh, coinbhleachtaí leasa agus cistiú dúbailte a sheachaint, ná do na cearta iniúchóireachta agus imscrúdaithe a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, agus déanfaidh na tairbhithe uile, lena n-áirítear conraitheoirí, fochonraitheoirí agus faighteoirí, cearta iniúchóireachta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a urramú.

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ceanglais maidir le tuairisciú;	(b) ceanglais tuairiscithe agus ceanglais trédhearcachta le haghaidh cuntasachta;

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 2 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(d a) inniúlachtaí, oibleagáidí agus freagrachtaí oibríochtúla faoi seach an Choimisiúin agus na ngeallsealbhóirí eile chun críoch bainistíochta fónta airgeadais;

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 2 – pointe d b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(d b) na socruithe lena n-áirithítear leibhéal leormhaith trédhearcachta, in-iniúchóireachta agus cuntasachta i gcur chun feidhme an Chláir agus san fhaireachán a dhéanfar air;

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 2 – pointe d c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(d c) na forálacha mionsonraithe lena rialaítear ranníocaíochtaí airgeadais, lena n-áirítear na coinníollacha faoina bhféadfar a leibhéal agus a gcineál a oiriúnú, ar choinníoll go leanfaidh an rannpháirtíocht airgeadais fhoriomlán de bheith cothrom, comhréireach agus comhsheasmhach le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais.

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 5 – pointe f a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(f a) beidh siad faoi réir meastóireachtaí neamhspleácha éigeantacha tráth nach déanaí ná an ceathrú bliain oibríochta chun measúnú a dhéanamh ar ar bhain siad a spriocanna

	tionchair amach agus ar bhain siad torthaí nithiúla amach; i gcás inarb é conclúid na meastóireachta gur mhainnigh comhpháirtíocht go comhsheasmhach a spriocanna tionchair a bhaint amach, molfaidh an Coimisiún go ndéanfaí í a fhoirceannadh nó go ndéanfaí athstruchtúrú bunúsach uirthi agus déanfaidh sé an cistiú comhfhreagrach a ath-leithdháileadh ar ionstraimí níos éifeachtaí; déanfar torthaí na meastóireachtaí sin a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle agus cuirfear ar fáil go poiblí iad.

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Meallfaidh ERC na taighdeoirí is éirimiúla ó gach cearn den domhan agus bunóidh sé an tAontas mar lárionad ceannródaíoch domhanda don taighde agus don nuálaíocht.	2. Féachfaidh ERC leis na taighdeoirí is éirimiúla a mhealladh ó gach cearn den domhan agus rannchuideoidh sé leis an Aontas a bhunú mar lárionad ceannródaíoch domhanda don taighde agus don nuálaíocht.

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2 a. Cuirfidh ERC a chúraimí i gcrích gan tionchar polaitiúil a bheith aige ar roghnú ná ar chistiú gníomhaíochtaí. Beidh cinntí maidir le deontais aonair bunaithe go heisiach ar bharr feabhais

eolaíoch, arna chinneadh trí athbhreithniú piaraí neamhspleách, chun muinín an phobail a chosaint.

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1 a. Maidir le gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht trí mhaoiniú measctha nó trí thacaíocht infheistíochta amháin faoi Luasaire CNE, ba cheart feidhmíocht a thomhas ar bhealach a dtugtar tús áite don tionchar: glacadh sa mhargadh, fás ioncaim agus toradh ar infheistíocht atá inchurtha i leith nuálaíochtaí a dtugann CNE tacaíocht dóibh. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa maidir leis an méid seo a leanas:* ***(a) an líon cuideachtaí dá dtugtar tacaíocht a bhfuil brabúsacht nó ioncam inbhuanaithe bainte amach acu; ***(b) an éifeacht ghiarála, arna tomhas mar mhéid iomlán na gcomhinfheistíochtaí arna ndéanamh in aghaidh an euro de chothromas an Aontais;*** ***(c) measúnú ex post ar a mhéid a rinne infheistíochtaí cothromais CNE caipiteal príobháideach a chomhlánú nó a ionadú, ar caipiteal príobháideach é a bheadh ar fáil ar théarmaí inchomparáide murach sin.*** ***Foilseofar an fhaisnéis sin i bhformáid mheaisín-inléite.***

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Leis an gClár tacófar le heagraíochtaí chun éiceachórais agus creatdálaí nuálaíochta atá iomaíoch, láidir agus nasctha a chruthú. Saothrófar sineirgí le cláir an Aontais, le cláir náisiúnta agus le cláir réigiúnacha chuige sin.	1. Leis an gClár tacófar le heagraíochtaí chun éiceachórais agus creatdálaí nuálaíochta atá iomaíoch, láidir agus nasctha a chruthú. ***I ndáil leis sin, beidh tacaíocht d'éiceachórais nuálaíochta bunaithe ar chuspóirí atá sainithe go soiléir, ar acmhainneacht rialachais, ar ghealltanais chómhaoiniúcháin agus ar phleananna inbhuanaitheachta a mhairfidh níos faide ná an cistiú ón Aontas.*** Saothrófar sineirgí le cláir an Aontais, le cláir náisiúnta agus le cláir réigiúnacha chuige sin.

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Leis an gClár tacófar le gníomhaíochtaí chun comhtháthú thriantán an eolais – ardoideachas, taighde agus nuálaíocht, agus gnó – a chothú ar fud an Aontais.	2. Leis an gClár tacófar le gníomhaíochtaí chun comhtháthú thriantán an eolais – ardoideachas, taighde agus nuálaíocht, agus gnó – a chothú ar fud an Aontais. ***Áireofar leis sin, i gcás inarb iomchuí, sásraí cistiúcháin chascáidigh agus cineálacha eile tacaíochta saincheaptha chun go mbeidh gnólachtaí nuathionscanta luathchéime, faoi stiúir mic léinn agus faoi stiúir ollscoile in ann tacaíocht tosaigh a fháil agus páirt a ghlacadh i líonraí nuálaíochta Eorpacha níos leithne, go háirithe i dtíortha a***

thagann faoin bhfairsingiú nó i dtíortha aistrithe.

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Soláthróidh an tSaoráid Tacaíochta Beartais tacaíocht phraiticiúil shaineolach do na Ballstáit agus do Thíortha Comhlachaithe chun athchóirithe a dhearadh, a chur chun feidhme agus meastóireacht a dhéanamh orthu, ar athchóirithe iad lena bhfeabhsaítear cáilíocht a n-infheistíochtaí, a mbeartas agus a gcóras taighde agus nuálaíochta. Rannchuideoidh sí le córais náisiúnta taighde agus nuálaíochta níos láidre agus níos éifeachtaí agus Limistéar Eorpach Taighde níos stóinsithe a thógáil.	3. Soláthróidh an tSaoráid Tacaíochta Beartais tacaíocht phraiticiúil shaineolach do na Ballstáit agus do Thíortha Comhlachaithe chun athchóirithe a dhearadh, a chur chun feidhme agus meastóireacht a dhéanamh orthu, ar athchóirithe iad lena bhfeabhsaítear cáilíocht a n-infheistíochtaí, a mbeartas agus a gcóras taighde agus nuálaíochta. Rannchuideoidh sí le córais náisiúnta taighde agus nuálaíochta níos láidre agus níos éifeachtaí agus Limistéar Eorpach Taighde níos stóinsithe a thógáil. ***Féadfar go n-áireofar leis an tacaíocht sin freisin treoraíocht agus saineolas d'údaráis náisiúnta agus réigiúnacha, go háirithe i dtíortha a thagann faoin bhfairsingiú nó i dtíortha aistrithe chun scéimeanna tacaíochta nuálaíochta a dhearadh a bheidh oiriúnaithe ar bhealach níos fearr do riachtanais gnólachtaí nuathionscanta ardriosca atá bunaithe ar thaighde agus chun an phiblíne idir torthaí taighde agus glacadh sa mhargadh a neartú, i gcomhlántacht leis an gClár.***

Leasú 75

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 5 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b a) bearta lena neartaítear éiceachórais nuálaíochta réigiúnacha chun píblíne inbhuanaithe FBManna nuálacha agus gnólachtaí nuathionscanta a bhunú, lena n-áirítear fiontair dhomhainteicneolaíochta, chun a rannpháirtíocht éifeachtach i dtionscadail taighde agus nuálaíochta chomhoibríocha a chumasú agus chun tacú le forbairt na nuálaíochta ar fud an Aontais.

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
11. Sa bhreis ar na forais a leagtar amach in Airteagal 132 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, le nósanna imeachta dámhachtana agus gealltanais dhlíthiúla a eascraíonn astu ceadófar foirceannadh i gcás nach dócha go mbainfear cuspóirí na gníomhaíochta amach ar chor ar bith ná laistigh de na hamlínte socraithe, nó i gcás nach mbeidh an ghníomhaíocht ábhartha ó thaobh beartais de.	11. Sa bhreis ar na forais a leagtar amach in Airteagal 132 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, le nósanna imeachta dámhachtana agus gealltanais dhlíthiúla a eascraíonn astu ceadófar foirceannadh i gcás nach dócha go mbainfear cuspóirí na gníomhaíochta amach ar chor ar bith ná laistigh de na hamlínte socraithe, nó i gcás nach mbeidh an ghníomhaíocht ábhartha ó thaobh beartais de. ***Sonrófar sa ghealltanas dlíthiúil an nós imeachta um fhoirceannadh, lena n-áirítear ceart éisteachta an tairbhí, an fhianaise ar a mbeifear ag brath, agus na hiarmhairtí airgeadais, lena n-áirítear an mhodheolaíocht chun aon laghdú, aisghabháil nó íocaíocht deiridh a chinneadh.***

Leasú 77

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 21 – mír 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
12. Leis an gclár oibre nó leis na doiciméid a bhaineann leis an nós imeachta dámhachtana, féadfar na critéir incháilitheachta a leagtar amach sa Rialachán seo a shonrú nó féadfar critéir incháilitheachta bhreise a leagan síos le haghaidh gníomhaíochtaí sonracha lena n-áirítear chun ceanglais shonracha bheartais a chur san áireamh.	12. Leis an gclár oibre nó leis na doiciméid a bhaineann leis an nós imeachta dámhachtana, féadfar na critéir incháilitheachta a leagtar amach sa Rialachán seo a shonrú nó féadfar critéir incháilitheachta bhreise a leagan síos le haghaidh gníomhaíochtaí sonracha lena n-áirítear chun ceanglais shonracha bheartais a chur san áireamh. ***Chun rochtain ar thaighde agus nuálaíocht agus rannpháirtíocht éifeachtach iontu a fheabhsú ar fud chríocha uile an Aontais, cuirfear san áireamh sa nós imeachta dámhachtana an fhéidearthacht cineálacha cur chuige modúlacha agus cuibhreannais níos lú nó níos solúbtha a áireamh.***

Leasú 78

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 26 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3 a. Socrófar teorainneacha ama nós imeachta le haghaidh príomhchéimeanna i saolré an deontais, lena n-áirítear meastóireacht, ullmhú comhaontaithe deontais, agus síniú, chun rochtain thráthúil ar chistiú a áirithiú. Déanfar rialacha soiléire agus inrochtana a chur i bhfeidhm chun rannpháirtíocht FBManna agus seach-chuideachtaí a éascú agus chun raon na dtairbhithe a leathnú.

Leasú 79

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2 a. Úsáidfear teimpléid chaighdeánaithe chun costais indíreacha a ríomh, lena mbaineann treoirlínte soiléire maidir le catagóirí costas díreach incháilithe (e.g. pearsanra, trealamh, taisteal). Ba cheart oiliúint agus Ceisteanna Coitianta a sholáthar chun deacrachtaí coitianta a shoiléiriú (e.g. comhaireamh dúbailte forchostas).

Leasú 80

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 32 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) déanfaidh siad a seacht ndícheall chun a dtorthaí a luachshocrú, go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear trí aistriú nó ceadúnú; mura ndéantar torthaí a luachshocrú laistigh de thréimhse ar leith, féadfaidh an Coimisiún ionstraimí agus uirlisí a shainaithint, amhail na cinn lena bhfreastalaítear ar an straitéis luachshocraithe a leagtar amach i gCaibidil III de Rialachán (AE) XXX [An Ciste Eorpach um Iomaíochas], a úsáidfidh na tairbhithe lena mbaineann chun luachshocrú na dtorthaí sin a éascú;	(c) déanfaidh siad a seacht ndícheall chun a dtorthaí a luachshocrú, go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear trí aistriú nó ceadúnú; mura ndéantar torthaí a luachshocrú laistigh de thréimhse ar leith, féadfaidh an Coimisiún ionstraimí agus uirlisí a shainaithint, amhail na cinn lena bhfreastalaítear ar an straitéis luachshocraithe a leagtar amach i gCaibidil III de Rialachán (AE) XXX [An Ciste Eorpach um Iomaíochas], a úsáidfidh na tairbhithe lena mbaineann chun luachshocrú na dtorthaí sin a éascú, lena n-áirítear ionstraimí lena dtacaítear le cur in úsáid réigiúnach agus áitiúil agus le rannpháirtíocht éiceachóras nuálaíochta lasmuigh de na príomh-mhoil, agus, i gcás inarb iomchuí, tacaíocht do struchtúir aistrithe teicneolaíochta ollscoile agus dreasachtaí le haghaidh paitinnithe,

ceadúnaithe agus seach-chuideachtaí;

Leasú 81

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 32 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1 a. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar luachshocrú éifeachtach na dtorthaí agus déanfaidh sé measúnú ar an toradh eacnamaíoch agus sochaíoch ar infheistíocht an Aontais, agus cuirfidh sé bearta ceartaitheacha i bhfeidhm i gcás inar gá, chun tionchar an taighde a chistítear go poiblí a fheabhsú agus chun tearcúsáid an taighde sin a sheachaint.

Leasú 82

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 33 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5 a. Déanfaidh an Coimisiún treoraíocht a fhorbairt agus a chur ar fáil go poiblí maidir le cur chun feidhme an tsoláthair réamhthráchtála faoin gClár. Leis an treoraíocht sin, tabharfar aghaidh, go háirithe, ar choinbhleachtaí leasa a chosc, ar chearta maoine intleachtúla a bhainistiú, ar úinéireacht torthaí agus rochtain orthu, ar úsáid éifeachtach earraí, seirbhísí nó oibreacha arna soláthar, agus ar mhaolú na rioscaí a bhaineann le réitigh nuálacha nó cheannródaíocha. Áiritheofar leis an treoraíocht go gcomhlíonfar prionsabail na trédhearcachta, na córa comhionainne agus na bainistíochta fónta airgeadais

agus áireofar inti bearta nithiúla agus uirlisí chun tacú le hiarratasóirí céaduaire agus le hiarratasóirí ag a bhfuil níos lú taithí, agus aird ar leith á tabhairt ar FBManna agus ar ghnólachtaí nuathionscanta.

Leasú 83

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 33 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 33a
	Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint
	1. Déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí chun a áirithiú, nuair a chuirfear gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialachán seo chun feidhme, go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne calaoise, éilliú agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, trí rialuithe éifeachtacha agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí na méideanna a íocadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis riaracháin agus airgeadais éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha.
	2. Beidh córais iniúchóireachta agus rialaithe comhréireach, simplithe agus rioscabhunaithe, agus úsáid mhéadaithe á baint as uirlisí digiteacha agus bearta coisctheacha. Cuirfear oiliúint éigeantach, lena n-áirítear oiliúint ar líne, ar fáil d'iarratasóirí agus do thairbhithe chun tuiscint cheart ar na rialacha is infheidhme agus ar na dea-chleachtais a

áirithiú, go háirithe maidir le costais phearsanra.

3. Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh ar gach cineál cistiúcháin faoin Rialachán seo, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, faoi chuimsiú a sainordaithe agus béim á leagan ar choireanna tromchúiseacha, ar chalaois shistéamach agus ar éilliú a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais.

4. Gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta, lena n-áirítear prionsabail na comhréireachta agus an riachtanais, aon duine nó eintiteas a fhaigheann cistí ón Aontas, comhoibreoidh sé go hiomlán chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, déanfaidh sé na cearta agus an rochtain is gá a dheonú don Choimisiún, do OLAF, do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus, de réir mar is iomchuí, do OIPE, agus áiritheoidh sé go ndéanfar aon tríú páirtí atá rannpháirteach i gcur chun feidhme cistí ón Aontas cearta coibhéiseacha a dheonú.

5. I gcás inarb iad na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 62(1), pointe (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a bhainistíonn na cistí, áiritheoidh an Coimisiún, trí fhorálacha ábhartha a áireamh ina chomhaontuithe leis na comhlachtaí sin, go ndéanfar cearta thuasluaite OLAF, Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus OIPE a urramú ina n-iomláine agus go gcuirfear cur chuige comhchuibhithe i bhfeidhm maidir lena sainordaithe faoi seach.

Leasú 84

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 33 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 33b
	Tuairisciú a dhéanann an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa
	1. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa maidir le húsáid maoluithe agus eisceachtaí ó Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 arna gcur i bhfeidhm i gcur chun feidhme an Chláir agus maidir le dáileadh geografach cistí.
	2. Cumhdófar sa tuarascáil úsáid an mhéid seo a leanas go háirithe:
	(a) nósanna imeachta dámhachtana dírí agus nósanna imeachta idirbheartaithe gan foilsiú roimh ré sa soláthar poiblí;
	(b) deontais dhíreacha agus maoluithe eile ar nósanna imeachta dámhachtana iomaíocha;
	(c) nósanna imeachta dámhachtana agus cur chun feidhme brostaithe nó simplithe;
	(d) aon bheart eisceachtúil eile a imíonn ó rialacha caighdeánacha an Rialacháin Airgeadais is infheidhme maidir le soláthar, deontais, ionstraimí airgeadais nó ráthaíochtaí buiséadacha.
	3. Áireofar an méid seo a leanas sa tuarascáil, i gcás gach catagóire maolaithe nó eisceachta:
	(a) an bunús dlí ar a bhfuiltear ag brath;
	(b) an t-údar atá le cur i bhfeidhm an mhaolaithe nó na heisceachta, lena n-

áirítear na himthosca agus na cuspóirí atá á saothrú;

(c) an líon cásanna lena mbaineann agus na méideanna airgeadais comhfhreagracha;

(d) faisnéis faoi na tairbhithe nó na conraitheoirí, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le trédhearcacht agus cosaint sonraí;

(e) measúnú ar thionchar na maoluithe sin ar thrédhearcacht agus ar luach ar airgead.

4. Maidir le dáileadh geografach cistí, soláthrófar sa tuarascáil faisnéis faoi leithdháileadh na tacaíochta do gach ceann de na ceithre chuid den Chlár i measc na mBallstát, tíortha comhlachaithe agus, i gcás inarb infheidhme, tríú tíortha, lena n-áirítear an cineál ionstraime cistiúcháin a úsáidtear.

5. Tarchuirfidh an Coimisiún an tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa faoin 31 Iúil den bhliain tar éis dheireadh na bliana airgeadais chun go bhféadfaidh Parlaimint na hEorpa a freagrachtaí faoi na Conarthaí maidir le rialú buiséadach agus urscaoileadh a chomhlíonadh.

Leasú 85

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 33 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 33c
	Trédhearcacht, sláine agus dícheall cuí
	1. Áiritheoidh an Coimisiún nach ndeonófar tacaíocht faoin Rialachán seo

do dhaoine nó d'eintitis atá faoi réir bhearta sriantacha an Aontais arna nglacadh faoi Airteagal 215 CFAE, ná chun tairbhe na ndaoine nó na n-eintiteas sin, ná d'aon duine ná eintiteas eile i gcás ina mbeadh toirmeasc ar thacaíocht ón Aontas a dhámhachtain faoi dhlí an Aontais is infheidhme.

2. Soláthróidh iarratasóirí, tairbhithe, conraitheoirí, fochonraitheoirí, comhpháirtithe cur chun feidhme, idirghabhálaithe airgeadais agus faighteoirí deiridh, arna iarraidh sin agus i gcomhréir leis an dlí is infheidhme, faisnéis faoina n-úinéireacht thairbhiúil agus faoina struchtúr rialaithe, lena n-áirítear athruithe a tharlaíonn le linn an chur chun feidhme, chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

3. Cuirfidh comhpháirtithe cur chun feidhme agus idirghabhálaithe airgeadais dícheall cuí comhréireach i bhfeidhm maidir le comhrac an sciúrtha airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme nó leis an dlí náisiúnta is infheidhme agus áireoidh siad, mar chuid dá nósanna imeachta, seiceálacha ar an tacaíocht ón Aontas arna bainistiú acu faoin Rialachán seo.

4. Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar foráil le gealltanais dhlíthiúla agus comhaontuithe maidir le foirceannadh, fionraí, laghdú agus aisghabháil i gcás sárú ar mhíreanna 1 go 3, gan dochar do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

5. Áiritheoidh eintitis dhlítheanacha a fhaigheann tacaíocht faoin gComhairle Nuálaíochta Eorpach, lena n-áirítear deontais, maoiniú measctha, nó tacaíocht chothromais, go bhfoilseofar

tuarascálacha bliantúla ar leibhéal na gníomhaíochta dá dtugtar tacaíocht maidir le húsáid cistithe ón Aontas, dul chun cinn agus torthaí, gan dochar do na forálacha dlíthiúla is infheidhme maidir le rúndacht tráchtála. Beidh rochtain ag an bpobal ar na tuarascálacha sin agus, i gcás inarb iomchuí, beidh siad faoi réir iniúchtaí neamhspleácha chun a gcruinneas a fhíorú.

6. Maidir le gníomhaíochtaí díreacha arna gcur chun feidhme ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde, ba cheart don Choimisiún trédhearcacht iomchuí a áirithiú maidir le coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, i gcomhréir le hAirteagal 61 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus leis na rialacha eiticiúla is infheidhme.

7. Chuige sin, ba cheart don Airmheán Comhpháirteach Taighde faisnéis chomhiomlánaithe a chur ar fáil go poiblí, ar bhonn bliantúil, faoi na beartais, na nósanna imeachta agus na bearta atá i bhfeidhm chun coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, a chosc agus a mhaolú, lena n-áirítear i gcomhthéacs comhar le heintitis phríobháideacha, gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le rúndacht.

8. Beidh taighdeoirí, saineolaithe agus daoine eile a bhfuil baint acu le meastóireachtaí nó le gníomhaíochtaí comhairleacha faoi réir ceanglais maidir le dearbhú coinbhleachta leasa agus maolú i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme.

Leasú 86

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 34 – mír 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
9. Déanfar gníomhaíochtaí maoinithe measctha a chur ar fionraí, a leasú nó, má tá bonn cirt leis, a fhoirceannadh mura mbaintear garspriocanna intomhaiste amach nó má dhiúltaíonn an tairbhí an tacaíocht infheistíochta gan cúis lena bhfuil bonn cirt.	9. Déanfar gníomhaíochtaí maoinithe measctha a chur ar fionraí, a leasú nó, má tá bonn cirt leis, a fhoirceannadh mura mbaintear garspriocanna intomhaiste amach, má mhainníonn an tairbhí na caighdeáin eiticiúla a chur i bhfeidhm mar a leagtar amach i dtreoirlínte beartas an Aontais nó má dhiúltaíonn an tairbhí an tacaíocht infheistíochta gan cúis lena bhfuil bonn cirt.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go bhfuil ionchur curtha san áireamh aige ina thuairim ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sé, le linn ullmhú na tuairime, go dtí go nglacfar sa choiste í, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
Le Conseil des rectrices et des recteurs francophones (212751635794-10)
2. Ionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí
Ionadaí ar bith

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara don tuairim a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.
I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go ndearna sé Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena leagtar amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj)

AN NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	Fís Eorpach, an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, a bhunú le haghaidh na tréimhse 2028-2034 lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/695
Tagairtí	COM(2025)0543 – C10-0164/2025 – 2025/0543(COD)
An Coiste Freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ITRE 23.10.2025
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	CONT 23.10.2025
Rapóirtéir don tuairim Dáta an cheapacháin	Olivier Chastel 15.1.2026
Pléite sa choiste	2.3.2026
Dáta an ghlactha	24.3.2026
Toradh na vótála críochnaithí	+: 22 –: 0 0: 7

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA
SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

22	+
ECR	Bert-Jan Ruissen, Şerban Dimitrie Sturdza
PPE	Georgios Aftias, François-Xavier Bellamy, Caterina Chinnici, Niclas Herbst, Monika Hohlmeier, Andreas Schwab, Marion Walsmann, Tomáš Zdechovský
PfE	Ondřej Knotek
Renew	Gilles Boyer, Olivier Chastel, Vlad Vasile-Voiculescu
S&D	Vytenis Povilas Andriukaitis, Andi Cristea, Maria Guzenina, Giuseppe Lupo, Marit Maij, Thomas Pellerin-Carlin
Verts/ALE	Daniel Freund, Erik Marquardt

0	-

7	0
ECR	Dick Erixon
ESN	Arno Bausemer
PfE	Tamás Deutsch, Virginie Joron, Pierre Pimpie
The Left	Rudi Kennes, Pasquale Tridico

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh